Comhrac na Bochtaineachta Tuarascáil Bhliantúil 2008

23 bliain caite ag obair i dtreo deireadh an bhochtanais in Éirinn



gníomhaireacht um chomhrac na bochtaine
Combat Poverty Agency
working for a poverty-free Ireland

Grianghrafadóireacht: Dragana Jurisic © 2009

© Comhrac na Bochtaineachta 2009. ISBN: 978-1-905485-87-1

Maidir leis an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine

Gníomhaireacht stáit í an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine a fhorbraíonn agus a chuireann chun cinn moltaí agus bearta atá bunaithe ar fhianaise chun bochtanas in Éirinn a dhíchur.

Bunaíodh faoin Acht um Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine 1986 í agus is iad na príomhfheidhmeanna reachtúla atá aici ná:

- **comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le beartais eacnamaíocha agus shóisialta chun dul i ngleic le bochtanas in Éirinn**

The Island, Limerick

- ***tabhairt faoi taighde, agus taighde a chur chun cinn, maidir le nádúr, cúiseanna agus méid an bhochtanais in Éirinn***

- ***bearta a thionscnamh chun dul i ngleic le bochtanas in Éirinn agus measúnú a dhéanamh ar a leithéid de bhearta***

- ***tuiscint a chur chun cinn i measc an phobail maidir le nádúr, cúiseanna agus méid an bhochtanais in Éirinn agus faoi na bearta atá ag teastáil chun bochtanas a shárú.***

Gréasán: www.combatpoverty.ie

Is féidir an Tuarascáil Bhliantúil a fháil i bhformáid éagsúla ach é a iarradh, ina measc clostéip, Braille agus diosca ríomhaire. Tá an Tuarascáil Bhliantúil ar fáil i mBéarla freisin.

Clár na nÁbhar

Brollach an Chathaoirligh 08

Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí 2008 12

Aguisín 1
Bord, Fochoistí agus Foireann 48
Aguisín 2
Tionscadail atá Maoinithe ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine 52
Aguisín 3
Clár Tacaíochta Speisialta an AE do Shíocháin agus d'Athmhuintearas Deontais a íocadh i 2008 58

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 68

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na mBall 70
Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach Airgeadais 71
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta 73
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 75
Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán 76
Clár Comhardaithe amháil an 31 Nollaig 2008 77

Bord na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine 31 Nollaig 2008

West Offaly

Tony Lane

John Loughran

Catherine Hazlett

Brian Duncan (Cathaoirleach)

Brian Mahon

Anthony Gavin

Maria Gorman

Kitty King

Peter McKevitt

John Monaghan

Tony O'Callaghan

Sharon Keane

Eugene Russell

Brollach an Chathaoirligh

Údar aiféala domsa é an 22ú tuarascáil, agus an ceann deireanach, den Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine a chur i láthair an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Bhunaigh an Rialtas an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine i 1987 nuair a bhí tír na hÉireann an-éagsúil ón Éire atá inniu ann. Tá Bord agus Foireann na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine ag obair gan stad le níos mó ná fiche bliain anuas chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le bochtanas agus iniamh sóisialta trí chomhairle phroifisiúnta neamhchlaonta a thabhairt do rialtais leantacha. Chuir an obair le hathruithe suntasacha maidir le hionchais an phobail agus uaillmhianta polaitiúla, a raibh sé mar thoradh air gur beartaíodh spriocanna, straitéisí agus infheistíochtaí nua chun dul i ngleic le saincheisteanna cosúil le bochtanas an linbh, míbhuntáiste oideachais, míchothromaíochtaí sláinte agus saincheisteanna eile nach iad.

Tá moladh ag dul do rialtais leantacha as ucht na tacaíochta a thug siad don obair, ainneoin go bhféadfaí a rá fúinne gur cháin muid roinnt beartais agus cleachtais go láidir ar uairibh.

I mí Dheireadh Fómhair 2008, i ndiaidh dó athbhreithniú a dhéanamh ar ár ról, d'fhógair an Rialtas go raibh sé de rún aige an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine a chomhtháthú leis an Oifig um Iniamh Sóisialta, a bunaíodh le gairid, chun rannán nua a chruthú laistigh den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Caithfidh mé admháil gur airigh mé idir dhá chomhairle maidir leis an bhforbairt seo. Ar thaobh amháin de, cuirfidh sé deireadh lenár neamhspleáchas agus lenár gcumas labhairt amach go poiblí faoi na saincheisteanna atá ina n-údar do bhochtanas agus dá bhuanú. Tá fhios agam go bhfuil go leor eagraíochtaí ann, lena n-áirítear iad siúd san earnáil phoiblí agus dheonach, a bhfuil sé seo ina ábhar imní dóibh freisin.

Ar an lámh eile, tugann comhtháthú na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine agus an Oifig um Iniamh Sóisialta an

deis tuilleadh acmhainní a dhíriú ar shaincheisteanna i ndáil le bochtanas. Éascaíonn sé freisin rochtain níos fearr ar lucht déanta polasaí, rud atá ina dhúshlán dúinne le blianta beaga anuas.

Ainneoin cailleadh an neamhspleáchais, rinne ár bhfoireann agus ár mbord tiomantas oibriú leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh d'fhonn cinntiú go mbeidh tionchar substaintiúil agus fadtéarmach ag an rannán nua ar bhochtanas. Bíodh is go bhfuil roinnt saincheisteanna le plé i gcónaí i ndáil le baill foirne a bhfuil ról lárnach acu, tá mé muiníneach go mbeifí in ann na tairbhí a bhaint amach don rannán nua a bhfuiltear ag súil leo.

Fáiltimíd roimh na ráitis ó Mary Hanafin, an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, go bhfuil sí tiomanta cinntiú go mbeidh an rannán nua ag dul i mbun comhairiúcháin leo siúd atá bocht agus leo siúd atá ag obair chun an bochtanas a dhíchur. D'fhonn an tiomantas seo a dhaingniú, tá moladh déanta againn don Aire bord comhairleach buan a bhunú a chuirfeadh comhairle ar fáil maidir le hobair an rannáin nua, a mbeadh ionadaithe air ón nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine agus ó na hearnálacha poiblí agus deonach.

Glacann an Bord freisin gur tréimhse chorraitheach atá ann don fhoireann agus iad ag dul i dtaithí ar na himpleachtaí atá ag cinneadh an Rialtais. Tá siad ag obair leo mar sin féin d'fhonn cinntiú go mbeidh comhtháthú rathúil ann leis an rannán nua agus ag an am céanna coinníonn siad orthu ag seachadadh obair ar ard-chaighdeán, rud atá ina shainchomhartha den Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine.

I measc buaicphointí na hoibre ar tugadh faoi anuraidh, bhí comhairle polasaí bunaithe ar fhianaise ar bhonn rialta i ndáil le raon saincheisteanna cosúil le polasaí cánach agus leasa shóisialaigh agus uilechuimsitheacht airgeadais, agus cuireadh clabhsúr ar an gClár chun Pobail Shláintiúla a Chothú. Leanadh lenár bhfócas ar shláinte trí bhunú tionscnaimh nua chun tacú le pobail agus le grúpaí atá ag streachailt le bochtanas a

bheith páirteach i ndearadh agus i seachadadh seirbhísí sláinte príomhúla. Bunaíodh é seo i bpáirtnéireacht le hAonad Gnóthaí Tomhaltóirí an HSE.

Leanamar lenár gcuid oibre tacú le húdaráis áitiúla d'fhonn freagraí áitiúla do spriocanna náisiúnta a láidriú i ndáil le laghdú an bhochtanais i rith na bliana.

Reachtáileamar agus bhíomar inár n-óstach ar Chomhdháil Eorpach ar Fhorbairt Pobail agus Idirchultúrachas chun aitheantas a thabhairt do 2008 mar Bhliain an AE d'Idirphlé Idirchultúrtha, in éineacht le réimse páirtnéirí náisiúnta, idirnáisiúnta agus ón Aontas Eorpach.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil le foireann na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine as ucht a dtacaíocht, a dtiomantas agus a bproifisiúntacht ar bhonn leanúnach i rith 2008. Tá muinín agam go leanfaidh siad ag déanamh cion tairbhe suntasach sa rannán nua.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le Kevin O'Kelly a ghlac le ról an Stiúrthóra Gníomhaigh fad is a bhí athbhreithniú á dhéanamh ar ár réimse dualgas. Ansin, ghlac Jim Walsh leis an dúshlán ceannaireacht a thabhairt don eagraíocht fad is a bhíomar ag ullmhú don chomhtháthú atá ar na bacáin. Bhí an t-ádh linn go raibh Jim ag obair linn, fear a bhfuil ceangal fada agus dearscna aige leis an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, chun an tasc seo a dhéanamh agus ag an am céanna ag cinntiú go bhfuilimid dírithe i gcónaí ar ár bhfeidhmeanna straitéiseacha.

Bliain shuntasach a bhí i 2008 freisin sa mhéid is gur cuireadh clabhsúr ar an ról a bhí ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine le dhá bhliain déag mar pháirtnéir in Border

Action. Ó 1996 i leith, bhí baint ag Border Action (Pobal agus an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine ag obair le chéile) i gcur i bhfeidhm beart i gClár an AE do Shíochán agus Athmhuintearas (Cláir PEACE I agus PEACE II) i réigiúin na teorann agus ar bhunús tras-teorann mar aon leis an gClár Interreg IIIA. Bhí ról tábhachtach ag na Cláir seo maidir le caidrimh a chothú laistigh de phobail agus idir pobail agus ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'uilechuimsitheacht shóisialta agus do ghníomhaíochtaí a chuireann leis an síocháin ag leibhéal an phobail.

Páirtnéireacht rathúil a bhí inár bpáirtnéireacht le Pobal agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don cion tairbhe a rinne gach duine a raibh baint acu leis an obair seo.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le comhaltaí Bhord na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine as ucht an méid a chuir siad lenár n-obair. Fócas tábhachtach freisin é úsáid fochoistí, rud a chuireann ar chumas comhaltaí an bhoird cion tairbhe a dhéanamh atá bunaithe ar na réimsí taithí agus saineolais atá acu. Creidim gur gné í seo de ghníomhaireachtaí stáit nach bhfuil léirthuiscint ná luach ceart uirthi go minic.

Ba mhaith liom ar deireadh an rud is tábhachtaí a dhéanamh, aitheantas foirmeálta a thabhairt don chion tairbhe atá déanta ag an iliomad comhalta den Bhord agus den fhoireann d'obair rathúil na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine i rith na 22 bliain seo caite. Tá sé tábhachtach go léireofaí meas dá leagáid agus go gcoinneofaí sa rannán nua í agus go dtabharfaí cosaint agus go bhforbrófaí an tiomantas láidir chun aghaidh a thabhairt ar bhochtanas agus ar eisiamh sóisialta.

Brian Duncan
Aibreán 2009

Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí 2008

Roinnt de na Forbairtí Móra: 2008

» Moltaí do pholasaí i ndáil le cáin charbóin curtha faoi bhráid an Choimisiúin um Chánachais agus i ndáil le pinsin mar fhreagra ar an bPáipéar Glas maidir le Pinsin.

» Moltaí polasaithe do Bhuiséad 2009 curtha i dtoll a chéile agus curtha faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

» Ráiteas polasaí maidir le hEisiaimh Airgeadais foilsithe.

» Rannpháirtíocht sa staidéar Foghlama Ceachtartha maidir le saincheisteanna a bhaineann le hiniamh airgeadais a reáchtáladh ar fud an Aontais Eorpaigh.

» Bhíomar inár n-óstach do chomhdháil polasaí náisiúnta dár teideal Constaicí do Mhíbhuntáiste Oideachais a Shárú.

» Chríochnaíomar clár oiliúna maidir le bochtanas agus iniamh sóisialta le hAonaid Iniata Sóisialta in údaráis áitiúla leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

» Bhunaíomar tionscnamh, i gcomhpháirt le hAonad Gnóthaí Tomhaltóirí agus le Stiúrthóireacht Cúraim Príomhúil, Pobail agus Leantaigh an HSE, chun tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht pobal agus grúpaí atá ag déileáil le bochtanas agus le heisiaimh sóisialta i dtaca le forbairt seirbhísí cúraim sláinte príomhúla.

» Bhíomar inár n-óstach do Chomhdháil Eorpach ar Fhorbairt Pobail agus Idirchultúrachas chun cion tairbhe a dhéanamh do Bhliain an AE d'Idirphlé Idirchultúrtha, in éineacht le réimse páirtnéirí náisiúnta, idirnáisiúnta agus ón Aontas Eorpach.

» Tháinig deireadh le ról na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine mar pháirtnéir in Border Action. Ó 1996 i leith, bhí baint ag Border Action (Pobal agus an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine ag obair le chéile) i gcur i bhfeidhm beart i gClár an AE do Shíochán agus Athmhuintearas (Cláir PEACE I agus PEACE II) i réigiúin na teorann agus ar bhunús tras-teorann agus an Clár Interreg IIIA. Tá na Cláir seo críochnaithe anois.

» Críochnaíodh agus cuireadh faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh an tAthbhreithniú ar thodhchaí na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine, ar thug an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh faoi i gcomhpháirt le ranna ábhartha eile de bhun Cinneadh Rialtais i mí an Mheithimh.

» I mí Dheireadh Fómhair, d'fhógair an Rialtas a chinneadh an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine a chomhtháthú leis an Oifig um Iniamh Sóisialta chun rannán nua a chruthú sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

» I mí na Nollag, ritheadh an fhoráil reachtach san Oireachtas chun éifeacht a thabhairt do Chinneadh an Rialtais san Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Éagsúla) 2008.

Comhthéacs

Le blianta beaga anuas, is i gcomhthéacs fáis eacnamaíoch a tharla dul chun cinn chun bochtanas a laghdú. I rith na tréimhse seo, rinneadh dul chun cinn trí réimse beart polasaí a raibh sé mar thoradh orthu, mar shampla:

» go raibh níos mó daoine fostaithe;

» gur ardaíodh íocaíochtaí leasa shóisialaigh;

» gur caitheadh airgead ar sheirbhísí poiblí;

» go raibh tacaíocht leanúnach ann do phobail atá faoi míbhuntáiste.

Thit leibhéil an bhochtanais seasmhaigh ó 6.5 faoin gcéad go dtí 5.1 faoin gcéad idir 2006 agus 2007 (www.cso.ie/eusilc). Mar sin féin, tugann sonraí bochtanais le fios nár tháinig aon athrú suntasach ar an ráta díobh siúd atá i gcontúirt bochtanais idir 2006 agus 2007.

» Is iad leanaí an aoisghrúpa is mó atá i gcontúirt bochtanais.

» Tá ráta bochtanais seasmhaigh níos airde ag leanaí ná grúpa ar bith eile agus leanaí atá i mbeagnach 40 faoin gcéad díobh siúd atá i mbochtanas seasmhach.

» Is iad na cineálacha teaghlaigh is mó atá i mbaol bochtanais seasmhaigh ná teaghlaigh ina bhfuil duine amháin fásta atá in aois oibre, teaghlaigh ina bhfuil tuismitheoir aonair agus teaghlaigh ina bhfuil duine aonair níos sine.

» Bhí níos mó contúirte orthu siúd a bhí ina gcónaí i lóistín a bhí saor ó chíos nó a raibh cíos ann a bhí faoi bhun ráta an mhargaidh (.i. tithíocht údaráis áitiúil) a bheith i mbaol bochtanais seasmhaigh i gcomparáid leo siúd a bhí i lóistín a tugadh amach ar cíos ag ráta an mhargaidh nó ina bhfuil an t-úinéir ina c(h)ónaí ann.

» Taispeánann na sonraí freisin go raibh éifeacht shuntasach chúl-chéimnitheach ag ioncam an SSIA in 2007; nuair a bhaintear amach an t-ioncam seo, tagann laghdú ar an ráta díobh siúd atá i gcontúirt bochtanais idir 2006 agus 2007.

Thosaigh an geilleagar ag cúlú go sciobtha in Éirinn i 2008, mar chuid de threocht a bhí le feiceáil ar fud an domhain. I measc na

torthaí a bhí air seo, bhí na cinn seo a leanas:

» ardú sa ráta dífhostaíochta– contúirt mhór bochtanais;

» bochtanas ag an obair – d'fhéadfadh tuarastail agus uaireanta oibre a bheith ag titim;

» d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar an mbrú atá ar an gciste poiblí go ndíreofaí níos lú acmhainní i dtreo straitéisí chun bochtanas a laghdú agus i dtreo seirbhísí poiblí ach go háirithe.

Tá líon fachtóirí eile ann le hais an chomhthéacs eacnamaíoch athraitheach seo atá tábhachtach don dúshlán atá ann bochtanas a laghdú agus a chosc agus a bheith ag obair i dtreo iniamh sóisialta. Ina measc seo tá:

» cinntiú go mbeidh grúpaí mionlaigh eitneacha rannpháirteach go hiomlán i dtéarmaí eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus polaitiúla;

» an tionchar a bheidh ag athrú aeráide ar theaghlaigh a bhfuil ioncaim ísle acu;

» dianseasmhacht míbhuntáiste oideachais, rud a bhfuil éifeacht as cuimse aige ar leanaí a thagann ó theaghlaigh bhochta;

» an t-eispéireas díréireach ar mhíchothromaíochtaí san earnáil sláinte a bhíonn ag daoine bochta;

» an tionchar atá ag teicneolaíochtaí nua i gcóir iniamh sóisialta teaghlach agus pobal ar ioncaim ísle.

2008 – Idirbhliain

Lean athbhreithnithe ar fheidhmeanna reachtúla na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine i 2008. Ina measc seo, bhí athbhreithniú ar an bhfeidhm taighde (ar choimisiúnaigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine i gcomhpháirt é) agus athbhreithniú ar chláir rannpháirtíochta. Tosaíodh orthu seo an bhliain roimhe sin agus is é an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a choimisiúnaigh iad. Cuireadh tuarascáil dheireanach i dtoll a chéile ar an athbhreithniú taighde mar aon le dréacht-tuarascáil ar an athbhreithniú rannpháirtíochta.

Cuireadh clabhsúr ar an Athbhreithniú ar thodhchaí na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine, ar tugadh faoi de bhun Cinneadh Rialtais i mí an Mheithimh 2007, a rinne an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i gcomhpháirt le ranna ábhartha eile, agus cuireadh faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh é. Is iad na téarmaí tagartha a bhí ag an Athbhreithniú ná:

» an méid a d'fhéadfadh forbairtí nó socruithe nua a bheith ag déanamh dúbailte, forluí nó comhlánú ar ról na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine;

» tuairisc a dhéanamh ar bhailíocht leanúnach réimse dualgas na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine;

» moltaí a chur chun cinn, de réir mar is cuí, le haghaidh feabhsúcháin agus/nó réasúnaíochta agus moltaí a dhéanamh don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Thug an tAthbhreithniú aghaidh ar chláir oibre agus ar fheidhmíochtaí na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine i gcomhthéacs éifeachtachta agus luach ar airgead ar an iomlán, agus i bhfianaise an athbhreithnithe a rinne an OECD le gairid, *Ireland Towards an Integrated Public Service* (OECD 2008).

D'fhógair an Rialtas bearta do chaiteachas poiblí an 8 Iúil 2008 agus ina measc bhí éileamh ón Aire Airgeadais gur ceart do ranna athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí Stáit "chun imscrúdú a dhéanamh an bhféadfaidís seirbhísí a roinnt, an mbeadh sé feiliúnach dá Ranna roinnt dá ndualgais a thabhairt ar ais nó an ceart roinnt gníomhaireachtaí a chónascadh nó a dhíothú." Thug an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le fios gur ceart don athbhreithniú ar an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, a bhí ar bun ag an am a rinne an Rialtas an fógra, a fhreagra don Rialtas ar an ábhar seo a fhaisnéisiú.

I mí Dheireadh Fómhair 2008, mar chuid de Bhuiséad 2009, d'fhógair an Rialtas go raibh an cinneadh déanta aige an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine a chomhtháthú leis an Oifig um Inaimh Sóisialta (OSI), chun Rannán nua a chruthú laistigh den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Thug an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le fios "go gcruthófaí rannán nua treisithe a bhainfidh an úsáid is fearr as taithí agus saineolas an dá chomhlacht agus a thabharfaidh aghaidh ar laigeachtaí i ndáil leis an bpéire acu."

Clár Oibre 2008

I bhfianaise an Athbhreithnithe Ard-Leibhéil, iarradh ar Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine clár oibre bliantúil a fhorbairt do 2008 a chomhdhlúthaigh agus a rinne forbairt ar ghníomhaíochtaí an Phlean Straitéisigh deireanaigh (2005-2007).

Rinne Clár Oibre 2008 imscrúdú freisin ar roinnt réimsí nua a d'fhéadfadh a bheith curtha san áireamh in obair a dhéanfaí sa todhchaí. Leagadh amach é laistigh den sainchúram reachtúil, mar atá leagtha amach san Acht um Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine 1986, mar seo a leanas:

» comhairle a chur ar an Aire agus moltaí a dhéanamh dó i ndáil le gach gné de phleanáil eacnamaíoch agus shóisialta i dtaca le bochtanas;

» bearta a thionscnamh a bhfuil sé mar aidhm acu bochtanas a shárú in Éirinn mar aon le measúnú a dhéanamh ar a leithéid de bhearta;

» imscrúdú a dhéanamh ar nádúr, cúiseanna agus méid an bhochtanais in Éirinn mar aon le taighde a chur chun cinn, a choimisiúnu agus a léirmhíniú;

» tuiscint phoiblí níos fearr a chur chun cinn ar nádúr, cúiseanna agus méid an bhochtanais agus ar na bearta atá riachtanach chun a leithéid de bhochtanas a shárú;

» tionscnaimh agus gníomhaíochtaí a bhaineann le forb airt phoail a chothú agus a chabhrú.

Dhírigh na gníomhaíochtaí sa chlár oibre ar na cuspóirí seo a leanas den Phlean Straitéiseach (2005-2007);

» dáileadh ioncaim agus fostaíochta níos cothroime a chur chun cinn trí chomhairle atá bunaithe ar fhianaise maidir le polasaithe cánach, leasa shóisialaigh agus fostaíochta a sholáthar;

» moltaí polasaí a fhorbairt agus a chur chun cinn chun go mbeadh rochtain ag daoine atá ag fulaingt ó bhochtanas ar sheirbhísí sláinte agus oideachais ar ard-chaighdeán;

» tacaíocht a thabhairt do fhreagraí áitiúla agus réigiúnacha do bhochtanas, lena n-áirítear ceantair ar an teorainn a raibh tionchar ag an gcoimhlint i dTuaisceart Éireann orthu.

Tugadh faoi líon beart tacaíochta freisin chun sainchúram reachtúil Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine a chomhlíonadh, ceanglais rialachais a chomhlíonadh agus cinntiú go seachadófaí a clár oibre go héifeachtach.

» **Bearta Cumasúcháin**
- Tionscadal Taighde ar Bhochtanas;
- Comhlíonadh le dea-chleachtas ó rialachas corparáideach;
- Polasaithe bainistíochta agus agus polasaithe d'fhorbairt na heagraíochta;
- Polasaithe do theicneolaíocht na faisnéise.

Comhlíonann gach gníomhaíocht sa Chlár Oibre 2008 na prionsabail tras-ghearrtha seo a leanas:

» **Ceannaireacht Smaointeoireachta** – Bhí rún ag an nGníomhaireacht cur leis an mbunachar eolais a bhí ann cheana féin agus smaointeoireacht nua a thairiscint. Ba é an túspointe a bhí ag gach tionscadal ná smaointe nua a aithint chun dul i ngleic le bochtanas agus le heisiaimh sóisialta.

» **Bunaithe ar Fhianaise** – Thriail gach tionscadal an bonn fianaise a bhí ann cheana féin a láidriú. Áiríodh leis seo aithint sonraí ábhartha agus bearnaí eolais d'fhonn réitigh a fhaisnéisiú agus a sholáthar do réimsí polasaí tosaíochta ag leibhéil náisiúnta agus áitiúla araon.

» **Creatlach Polasaithe** – Bhí sé mar aidhm ag an obair tacú le seachadadh éifeachtach polasaithe náisiúnta, na cinn seo a leanas ach go háirithe:

- cur i bhfeidhm móraidhmeanna polasaí sa *Developmental Welfare State*
- creatlach an tsaolré a aontaíodh sa Chomhpháirtíocht Náisiúnta i dtreo 2016, agus a athdhearbhaíodh san NAP/inclusion 2007–2016
- an Plean Forbartha Náisiunta 2007–2013
- sa Chlár don Rialtas 2007–2013.

Cuireann an chuid eile den tuarascáil seo síos ar an méid atá bainte amach agus na forbairtí faoin gClár Oibre 2008.

Ag Déanamh Monatóireachta ar Threochtaí maidir le Bochtanas

Ghlac Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine páirt agus bhí sé ina ceannaire ar líon tionscadal chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí bochtanais agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn i rith 2008.

Anailís ar EU-SILC

Is é an Suirbhé ar Ioncam agus ar Choinníollacha Maireachtála de chuid an Aontais Eorpaigh príomh-fhoinse sonraí comparáideacha maidir le bochtanas ag leibhéil na hÉireann agus na hEorpa. Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) a dhéanann an suirbhé seo. Foinse luachmhar anailíse iad na sonraí seo ar na treochtaí móra a fhaisnéisíonn díospóireachtaí polasaí ar raon saincheisteanna. Bhí rochtain ag Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine ar na sonraí seo, rud a rinne éascaíocht ar chríochnú dhá mhór-anailís in 2008:

Teaghlaigh ar Ioncam Íseal ata ag Obair: tá Páipéar Oibre Taighde curtha i dtoll a chéile agus tá sé le foilsiú i 2009. I measc na bhfionnachtana a bhí ann, áiríodh na cinn seo a leanas:

» leitheadúlacht teaghlach ar ioncam íseal atá ag obair i Réigiúin na Teorann;

» athrúcháin de réir earnála, aoise, cineál oibre agus inscne i gcomhdhéanamh earnáil na mbocht atá ag obair agus earnáil na dteaghlach atá ag obair ar ioncam íseal;

» na héifeachtaí atá ag idirghabhálacha éagsúla polasaí chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtanas atá á fhulaingt acu siúd atá ag obair.

Cáilitheacht don Chárta Leighis. Rinneadh mion-anailís ar shealbhóirí cártaí leighis agus orthu siúd nach bhfuil cárta leighis acu i measc teaghlach ar ioncam íseal. Rinne sé seo anailís ar na tréithe éagsúla atá ag sealbhóirí cártaí leighis i gcomparáid leo siúd nach bhfuil cárta leighis acu d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar cháilitheacht don chárta leighis agus ar chuimsiú an chárta leighis do theaghlaigh atá i gcontúirt bochtanais agus atá i mbochtanas comhsheasmhach. Baineadh úsáid as na fionnachtana in aighneacht polasaí ar cháilitheacht don chárta leighis (féach ar an rannán Sláinte thíos). Foilseofar Páipéar Oibre Taighde i 2009.

Tuarascáil ar Threochtaí Bochtanais

Leanadh ar aghaidh le hobair ar staidéar chun sonraí agus treochtaí i ndáil le bochtanas a thiomsú i dtaca le líon téamaí agus ag léibhéil spáis éagsúla. Is í an aidhm atá ann ná tuarascáil bhliantúil a chur i dtoll a chéile ar mhonatóireacht ar threochtaí bochtanais.

Cáin agus leas sóisialach

Forbraíodh moltaí polasaí ar shaincheisteanna cánach agus leasa shóisialaigh i ndáil le hathchóiriú pinsean, cánachas, Buiséad 2009 agus Straitéis na gCúramóirí.

» Bhí moltaí san aighneacht polasaí a rinneadh don Pháipéar Glas ar Phinsin maidir leis an gcaoi ar féidir an pinsean stáit a fheabhsú chun an baol bochtanais atá ann dóibh siúd atá imithe ar scor a laghdú.

» Rinne an aighneacht polasaí don Choimisiún ar Chánachas imscrúdú ar an éifeacht dóchúil a bheadh ag cáin charbóin ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus go háirithe orthu siúd atá ag fulaingt ó bhochtanas breosla agus mhol sé bearta éagsúla cúitimh.

» Rinne an aighneacht ar fhorbairt Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí moltaí maidir le cúramóirí agus fostaíocht; cúramóirí agus leas sóisialach agus ról a thabhairt do chúramóirí sa phróiseas cinnteoireachta a imríonn tionchar orthu.

» Rinne an aighneacht ar Bhuiséad 2009 moltaí faoin gcaoi ar féidir tairbhí leasa shóisialaigh a fheabhsú agus tacaíocht bhreise a thabhairt do theaghlaigh ar ioncam íseal le haghaidh costas oideachais.

Foilsíodh an anailís bhliantúil iar-bhuiséad ar Bhuiséad 2008. Mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, rinneadh cur i láthair faoin anailís do Chomhchoiste an Oireachtais ar Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Bhain an anailís úsáid as samhail SWITCH cáin-tairbhe chun imscrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag bearta cánach agus leasa sóisialaigh an Bhuiséid ar bhochtanas.

Sláinte

Mór-théama don Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine i rith 2008 arís é freagraí a fhorbairt do bhochtanas agus do mhíchothromaíocht sláinte. Tá fianaise shoiléir ann go bhfuil caighdeán sláinte níos ísle ag daoine atá ag fulaingt ó bhochtanas agus go mbíonn níos mó deacrachtaí acu rochtain a fháil ar bhonn cothrom ar sheirbhísí sláinte ar ard-chaighdean i gcomparáid leo siúd atá níos saibhre.

Soláthraíonn Coiste Comhairleach den Bhord ar shláinte tacaíocht agus treoir straitéiseach (féach ar na hAguisíní chun an liostáil a fháil).

Pobail Sláintiúla a Chothú

Tháinig deireadh foirmeálta leis an gClár chun Pobail Sláintiúla a Chothú i 2007. Lean Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine ag baint tairbhe as an gClár i 2008 agus ag tacú le príomhshruthú roinnt dá eilimintí. Cuireadh clabhsúr ar mheastóireacht mhúnlaitheach an chláir, ar thug CLES Consulting (Centre for Local Economic Strategies) faoi, agus tá sé ar fáil anois ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine.

Dréachtadh páipéar polasaí *Tackling Poverty Tackling Health* agus foilseofar i 2009 é. Críochnaíodh proifílí ceantair do thrí tionscadal a bhí bunaithe ar cheantair agus foilseofar i 2009 iad.

Cuireadh tacaíocht airgid ar fáil chun cabhrú le daingniú tionscadal agus chun straitéisí príomhshruthaithe a fhorbairt dá n-obair. Tugadh tacaíocht do líon eachtraí líonraithe. Chuir na tionscadail an-luach ar an ngné seo den Chlár agus rinneadh éileamh láidir go mbunófaí líonra chun tacú le hobair ar fhorbairt phobail agus sláinte. Mar fhreagra ar seo, choimisiúnaigh an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine staidéar indéantachta thar ceann na dtionscadal chun measúnú a dhéanamh ar an spéis a bheadh ina leithéid de líonra agus ar a inmharthanacht. D'aithin an staidéar spéis agus tacaíocht láidir do bhunú líonra agus mhol sé gur ceart acmhainní a thabhairt do Forbairt Pobail agus Sláinte, Tuaisceart Éireann chun go sroichfeadh a sheirbhísí tionscadail i bPoblacht na hÉireann, i gcomhpháirt le grúpa pleanála a bheidh tarraingthe ó thionscadail an BHC.

Thug an Roinn Sláinte agus Leanaí ainmniúchán don Chlár Pobail Sláintiúla a Chothú i gcóir comhairliúchán teicniúil ar bhochtanas

agus sláinte de chuid an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO). Ar iarratas ón WHO, d'fhorbair an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine cás-staidéar ar an gClár i gcóir a áirithe ar a láithreán gréasáin. D'fhorbair tionscadal Leifear/Caisleán na Finne, ar thug Clár an BHC tacaíocht dó chun múnla rannpháirtíocht pobail i gcúram príomhúil a fhorbairt, cás-staidéar freisin i gcóir a áirithe mar mhúnla oibre chun dul i ngleic le míchothromaíochtaí sláinte agus le bochtanas.

Rannpháirtíocht an Phobail i gCúram Príomhúil

D'fhoilsigh an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte an Straitéis Náisiúnta do Rannpháirtíocht Úsáideoirí na Seirbhíse i mí Bealtaine 2008. Tugann an straitéis tús áite do rannpháirtíocht ghrúpaí atá eisiata go sóisialta i dtionscnaimh rannpháirtíochta agus aitheantas do rannpháirtíocht bhreise i bhfóirne chúram príomhúil mar ghníomh tosaíochta. Sprioc ard-leibhéal sa Phlean Gnímh Náisiúnta d'Iniamh Sóisialta é forbairt 500 foireann cúram príomhúil faoin mbliain 2011. Sa chomhthéacs seo, rinne an HSE iarratas ar Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine comhoibriú leo chun na tiomantais seo a chur i gcrích.

Ina dhiaidh sin, d'oibrigh an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, Aonad Gnóthaí Tomhaltóirí an HSE agus Stiúrthóireacht Cúram Príomhúil, Pobail agus Leantach le chéile chun comhthionscnamh a fhorbairt a thacódh le rannpháirtíocht phobal agus ghrúpaí atá ag fulaingt ó bhochtanas agus ó eisiaimh sóisialta i ndáil le forbairt seirbhísí cúram sláinte príomhúil. Tá maoiniú á thabhairt do naoi ngrúpa déag chun tacú le tionscnaimh ar thug grúpaí pobail fúthu in éineacht le baill fóirne na seirbhíse sláinte a bhfuil freagracht acu as forbairt seirbhísí cúram príomhúil. Táthar ag súil go léireoidh an tionscnamh cur chuige a chuirfidh faisnéis ar fáil do chur i bhfeidhm na Straitéise Cúram Príomhúil.

Aighneacht Polasaí do Ghrúpa Athbhreithnithe an Chárta Leighis

Chuir taighde cáilíochtúil, a bhí éascaithe ag tionscadal BHC, fianaise ar fáil faoin taithí a bhíonn ag daoine atá ag fulaingt ó bhochtanas nó i gcontúirt bochtanais cárta leighis a fháil. Bhí sé ina bhunús d'aighneacht a rinne an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine don Ghrúpa Idir-Rannach a bunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar cáilitheacht don chárta leighis.

Acmhainní agus Foilseacháin Sláinte

Coimisiníodh agus/nó foilsíodh líon foilseachán faoi bhochtanas agus sláinte i 2008. Is iad sin:

» *Tackling health inequalities: an all island* approach to social determinants Farrell C., McAvoy H., Wilde J., agus an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine (2008). Forbraíodh agus foilsíodh an tuarascáil seo i gcomhpháirt leis an Institiúid um Shláinte an Phobail agus scaipeadh go forleathan ar fud na hÉireann é.

» *Tackling poverty: Tackling health inequalities* was commissioned and was published in 2009.

» Cuireadh bail críche ar agus foilsíodh *Voices of Poverty*, taifeadadh fuaime den taithí a bhí ag grúpaí ar ioncam íseal ar mhíchothromaíochtaí sláinte.

» Cuireadh bail críche *ar Model of a Community Health Worker* agus foilseofar i 2009 é.

Iniamh Sóisialta a Láidriú laistigh d'Údaráis Áitiúla

Lean Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine ag obair chun iniamh sóisialta a láidriú laistigh d'údaráis áitiúla, agus í ag tagairt ach go háirithe dá ról i straitéisí náisiúnta agus áitiúla frith-bhochtanais agus iniata sóisialta.

Tacaíocht d'Aonaid Iniata Sóisialta an Rialtais Áitiúil

Ba phríomhghné den obair i 2008 é tacaíocht don naoi n-aonad nua d'iniamh sóisialta in údaráis áitiúla. I measc na tacaíochta a tugadh dóibh, áiríodh iad seo a leanas:

» cion tairbhe a dhéanamh do chlár oiliúna, i gcomhpháirt leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil;

» tacaíocht theicniúil a thabhairt d'aonaid aonair i ndáil le príomhghnéithe dá n-obair, m.sh. proifílí bochtanais.

Coimisiníodh measúnú múnlaitheach. Dhéileáil sé seo leis na saincheisteanna agus na ceachtanna is tábhachtaí ó obair na n-aonad agus thacaigh sé lena bhforbairt thosaigh. Coimisiníodh dhá pháipéar polasaí freisin ar *Getting Social Inclusion Into the Corporate Plans* agus ar *The Role and Potential of Research in Local Authorities*.

Straitéisí Áitiúla Frith-Bhochtanais agus Iniata Sóisialta

Rinneadh nuashonrú ar threoir na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine chun straitéis áitiúil frith-bhochtanais agus iniata sóisialta (LAPSIS) a fhorbairt agus scaipeadh go forleathan é. Cuireann an treoir síos ar na príomhchéimeanna a bhíonn i gceist chun tabhairt faoi LAPSIS agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine. Reáchtáladh ceardlanna réigiúnacha chun forbairt straitéisí a chur chun cinn freisin. Leanadh le soláthar tacaíochta teicniúla do líon údarás áitiúil atá ag comhoibriú le leasanna frith-bhochtanais ina gceantair chun straitéisí a fhorbairt

Grúpa Stiúrtha Rialtais Áitiúil d'Iniamh Sóisialta

Leanann an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine lena rannpháirtíocht agus lena cion tairbhe d'obair an Ghrúpa Stiúrtha Rialtais Áitiúil d'Iniamh Sóisialta (LGSISG). Cuireann sé seo meicníocht straitéiseach comhordaithe ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Gnímh Náisiúnta d'Iniamh Sóisialta ag an leibhéal áitiúil. Tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ina chathaoirleach ar an ngrúpa. Lean an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine ag cur le pleanáil an Líonra Foghlama Frith-Bhochtanais Rialtais Áitiúil agus reáchtáil sé eachtra i bPort

Láirge chun samplaí de dhea-chleachtas atá tionscanta ag an haonaid d'iniamh sóisialta a chur ar taispeáint.

Coimisiníodh tuarascáil ina mbeidh samplaí dea-chleachtais faoin gcaoi aghaidh a thabhairt ar bhochtanas agus ar eisiaimh sóisialta laistigh de rialtas áitiúil agus foilseofar i 2009 é.

Creat Tagartha Straitéiseach Náisiúnta

Lean Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine lena rannpháirtíocht sa dá Chlár Oibriúcháin Réigiúnach (OP), mar aon le monatóireacht a dhéanamh ar iniamh sóisialta iontu. Rinne sé amhlaidh sna Cláir Oibriúcháin d'Fhorbairt Tuaithe agus d'Infheistíocht i gCaipitil Daonna.

Tacaíocht le Síocháin agus le hAthmhuintearas

Chuir an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine agus Pobal, trí Border Action, bearta i bhfeidhm le chéile ó Chlár Speisialta Tacaíochta an Aontais Eorpaigh do Shíochán agus Athmhuintearas 2000-2008 (Clár Peace II) i réigiúin theorainn na hÉireann agus ar bhunús tras-teorann. Is í an mhór-aidhm straitéiseach atá ag Cláir Síocháin an AE ná "an dul chun cinn i dtreo sochaí níos síochánta agus seasmhaí a threisiú agus athmhuintearas a chur chun cinn." I measc na sprioc-phobail agus grúpaí atá ann, tá íobartaigh agus a dteaghlaigh, iar-phríosúnaigh, daoine asáitithe, iar-bhaill de na fórsaí slándála agus pobail mhionlaigh eile.

Is é an príomh-fócas a bhí ann i rith 2008 ná tionscnaimh a thabhairt chun críche agus éascaíocht a dhéanamh do chríochnú gach comhad tionscadail de chuid Peace II a bhí fágtha. Bhí gach gníomhaíocht, tuairisciú agus fíorú airgeadais críochnaithe i ndáil le 640 as na 664 tionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh faoin Nollaig 2008. Bíodh is go bhfuil a ngníomhaíocht críochnaithe ag an 24 eile, tá aghaidh á thabhairt i gcónaí ar líon riachtanas i ndáil le fíorú airgeadais agus tuairisciú agus críochnófar é seo roimh dheireadh Márta 2009.

Tá torthaí suntasacha bainte amach ag tionscnaimh a fuair tacaíocht ó Border Action i rith tréimhse Chlár Peace II Programme. Cruthaíodh beagnach 900 post i réigiúin na teorann agus i dTuaisceart Éireann ó 2000 agus fuair os cionn 16,000 duine oiliúint i scileanna bunúsacha. Fuair 63,000 duine oiliúint a chuir ar a gcumas dul chun cinn a dhéanamh i bhfostaíocht nó in oideachas, agus fuair 20,000 acu

sin creidiúnú. Fuair 1,500 duine eile creidiúnú i réimse sainiúil an athmhuintearais/réiteach coimhlinte/eadrána. Ghlac níos mó ná 160,000 duine páirt ar bhunús tras-teorann i ngníomhaíochtaí tras-pobail idir 2000 agus 2008. Léiríonn an méid atá bainte amach an méid tacaíochta atá ann i réigiúin na teorann chomh maith le Tuaisceart Éireann chun aghaidh a thabhairt ar leagáid na coimhlinte agus leas a bhaint as an deiseanna atá tagtha chun cinn de bharr na síochána. Bhí ról tábhachtach ag an 664 tionscnamh ar thacaigh Border Action leo sa tréimhse 2000-2008 ó thaobh caidrimh a fhorbairt laistigh de phobail agus idir pobail d'fhonn sochaí seasmhach agus fulangach a chruthú.

Tacaíocht le Cur Chuige Frith-Bhochtanais

Cead Cainte

Cuireadh bail críche i rith 2008 ar líon gníomhartha, a tionscnaíodh mar chuid den Chlár Cead Cainte (HYS) (2005–2007). Áiríodh leis seo an tuarascáil measúnaithe dheireanach ar an gClár, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine. Críochnaíodh staidéar taighde *Out of Sight, Out of Mind i 2007*. Cuireann sé anailís agus cáis-staidéar ar fáil i ndáil le líon grúpaí a mbíonn deacrachtaí acu a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí atá pobal-bhunaithe.

Cuireadh bail críche ar pháipéar polasaí maidir le daoine atá ag fulaingt ó bhochtanas a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht agus ar na heagraíochtaí a oibríonn leo. Foilseofar i 2009 é faoin teideal *People, Poverty and Participation*. Faigheann sé faisnéis ón gClár HYS, ó obair eile ar thug an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine faoi agus ón taithí idirnáisiúnta.

Acmhainn oideachasúil ar *Economics and Poverty* a bhí i gceann de na foilseacháin ón gClár Cead Cainte. Tacaíodh le sraith tionscnamh chun an foilseachán a phoibliú i measc grúpaí áirithe. Ina measc siúd, áiríodh na cinn seo a leanas:

» clár scaipthe ar thug Comhairle Náisiúnta na mBan faoi;

» clár scaipthe ar thug Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe faoi;

» coimisiníodh lá oiliúna do thraenálaithe chun tacú le húsáid phraiticiúil na hacmhainne i suíomhanna pobal-bhunaithe.

Reáchtáladh dhá cheardlann oiliúna do pholasaí i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath chun tacú le grúpaí pobail agus frith-bhochtanais dul i ngleic leis an bpróiseas bliantúil náisiúnta buiséid.

Tugadh tacaíocht freisin do *Integrating Ireland*, líonra náisiúnta de ghrúpaí mionlaigh eitneacha chun acmhainn oideachasúil do ghrúpaí pobal-bhunaithe dar teideal *Integrating Policy into Work Planning* a chur chun cinn. Cuireadh an acmhainn seo ar fáil i mBéarla, Rúisis agus i bhFraincis i 2007 agus thug *Integrating Ireland* faoi phróiseas scaipthe d'eagraíochtaí ina labhraítear Rúisis agus Fraincis ar cás leo forbairt phobail, bochtanas agus eisiamh sóisialta.

Forbairt Pobail

Cuireann an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine chun cinn agus tacaíonn sé le forbairt phobail mar bhealach chun dul i ngleic le bochtanas. Tá achoimre ar na príomh-ghníomhartha thíos.

» Cuireadh bail críche ar mheasúnú ar SPEAK, creatlach do phleanáil staitéiseach leictreonach agus d'fhéinmheasúnú atá in úsáid ag an gClár Forbartha Pobail Náisiúnta. Choimisiúnaigh an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine an t-athbhreithniú ar iarratas ón Roinn Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

» Rinne an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine nuashonrú ar agus d'fhoilsigh sé Eolaire ar Chúrsaí Forbairt Phobail in Éirinn.

» Coimisiníodh páipéar polasaí ar oideachas agus oiliúint i réimse na forbartha pobail.

» Ghlac an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine páirt agus thacaigh sé le cuibhreannas uile-Éireann chun caighdeáin ceirde a fhorbairt d'obair pobail. Foilsíodh tuarascáil dar teideal *Towards Standards for Quality Community Work: An All-Ireland Statement of Values, Principles and Work Standards i 2008* mar aon le postaer agus bileog faoin gcaoi na caighdeáin a úsáid. Tá siad seo le fáil ó Chomharchumann na nOibrithe Pobail.

» Tugadh faoi staidéar píolótach ar oibrithe pobail chun an an fhéidearthacht a bheadh ag staidéar náisiúnta a thástáil agus a mheas. Is é a bhí i gceist leis an staidéar ná ceistneoirí a eisiúint d'oibrithe a bhí íoctha, oibrithe nach raibh á n-ioc agus do

rannpháirtithe i dtionscadail atá pobal-bhunaithe i gContae Dhún na nGall agus anailís a dhéanamh ar na torthaí. Scaipfear an staidéar, a fuair faisnéis ó Choiste Comhairleach Náisiúnta chomh maith le Grúpa Comhairleach i nDún na nGall, i 2009.

Bhí an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, i gcomhpháirt le páirtnéirí in Éirinn, san Eoraip agus páirtnéirí idirnáisiúnta, ina óstach ar chomhdháil idirnáisiúnta dar teideal *Together in Diversity* a reáchtáladh chun aitheantas a thabhairt do Bhliain na hEorpa d'Idirphlé Cultúrtha. I measc na bpáirtnéirí a bhí ann, bhí eagraíochtaí forbairt phobail, an Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Chiníochas agus ar Idirchultúrachas, Fondúireacht na hEorpa chun Cúinsí Maireachtála agus Oibre a fheabhsú agus Cumann na hEorpa d'Fhorbairt Phobail. Bhain an chomhdháil úsáid as téama an idirphlé chultúrtha chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

» taiscéaladh a dhéanamh ar imirce agus ar bhochtanas an lae inniu laistigh den AE;

» taiscéaladh a dhéanamh ar ról na forbartha pobail sa chomhthéacs sin;

» ról na forbartha pobail a chur chun cinn ó thaobh dúshlán a thabhairt do chiníochas agus sochaí idirchultúrtha agus chothrom a mhúnlú;

» fócas ar bhochtanas agus ar iniamh sóisialta i measc imirceoirí agus pobail eitneacha agus dúchasacha laistigh den AE a áireamh;

» eispéiris a roinnt agus bualadh le daoine eile atá ag obair ar shaincheisteanna idirchultúrtha agus forbairt pobail ar fud an AE.

Tá imeachtaí na comhdhála foilsithe ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine.

Rannpháirtíocht agus Cleachtadh Cearta

Lean an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine lena rannpháirtíocht mar pháirtnéir sa Tionscadal do Rannpháirtíocht agus Cleachtadh Cearta (PPR), tionscnamh tras-teorann atá ag tástáil feidhmiú cuir chuige atá bunaithe ar chearta an duine chun dul i ngleic le bochtanas laistigh de phobail atá faoi mhíbhuntáiste.

Is iad na páirtnéirí eile atá sa Tionscnmah seo ná:

» Grúpaí Pobail Ionadaíocha ó Thuaisceart Bhéal Feirste agus ó Lár na Cathrach Thuaidh i mBaile Átha Cliath

» an Coiste ar Riaradh Ceartais

» Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine

» Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine Comhdháil na gCeardchumann agus

» an Fhondúireacht Pobail Tuaisceart Éireann.

Is é príomh-fócas na hoibre ná sláinte agus tithíocht.

Lean Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine ag tacú le measúnú an Tionscnaimh, a bheidh ar fáil i 2009.

Eisiaimh Airgeadais agus Ró-Fheichiúnas

Príomhchuspóir polasaí de réir Straitéis Iniata Sóisialta an AE é rochtain ar sheirbhísí airgeadais agus tá an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine ina phríomhaisteoir ó thaobh comhairle polasaí agus taighde faoi iniamh airgeadais a chur ar fáil. Is é a bhí i gceist leis seo ná bheith ag freastal ar cheardlanna éagsúla agus ar eachtraí líonraithe ag leibhéal na hEorpa, rannpháirtíocht sa staidéar uile-Eorpach ar Fhoghlaim Ceachtartha, a scaipeann dea-chleachtas i ndáil le saincheisteanna iniata airgeadais agus a bheith ag obair leis an gClár Náisiúnta d'Fheidhmiú Íocaíochtaí agus le Coiste Comhairleach Náisiúnta MABS.

Tá obair ar bun le raon geallshealbhóirí faoi láthair chun tabhairt isteach cuntas bainc bunúsach a chur chun cinn.

Chuireamar tús i 2007, i gcomhpháirt le NPIP Team, le *Managing a Low Income in the Electronic Economy*. Foilseofar tuarascáil i 2009.

Bochtanas Breosla

Tagraíonn bochtanas breosla do dhaoine nach bhfuil in ann dóthain teasa a chur ar fáil sa teach de bharr idir ioncam íseal agus

tithíocht nach bhfuil éifeachtach ó thaobh fuinnimh de. Thug an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine agus Fuinneamh Inmharthana Éireann faoi staidéar chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an Scéim Tithe Níos Teo, scéim a dhéanann athfheistiú ar thithe, lena n-áirítear insliú níos fearr, chun éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú. Críochnaíodh suirbhéanna iar-idirghbhála ag deireadh 2008 le sampla tithe i gCorcaigh agus i nDún na nGall. Foilseofar an tuarascáil dheireanach don staidéar seo sar i bhfad agus cuirfear i láthair an Ghrúpa Idir-Rannach ar Inacmhainneacht Fuinnimh é.

Oideachas

Scéim na Leabhar Scoile

Tugadh faoi staidéar i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar éifeachtacht riaradh Scéim na Leabhar Scoile agus ar na himpleachtaí atá aici do thuismitheoirí ar ioncam íseal. I measc na hoibre allamuigh a rinneadh, bhí bailiú sonraí cáilíochtúla, chomh maith le hagallaimh grúpa fócais le tuismitheoirí; agallaimh duine-le-duine le príomh-oidí agus le daoine eile a bhfuil baint acu le riaradh na scéime; agus agallaimh le geallshealbhóirí eile a bhfuil baint acu le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh ar ioncam íseal. Cuireadh moill ar anailís na sonraí de bharr deacrachtaí teicniúla agus anois foilseofar i 2009 é.

Sarú na mBac do Mhíbhuntáiste Oideachasúil

Tionóladh comhdháil polasaí náisiúnta i mí an Mheithimh. Thug Seán Haughey TD, Aire Stáit ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta aitheasc ann agus labhair líon cainteoirí idirnáisiúnta ar ghnéithe éagsúla de mhíbhuntáiste oideachasúil. Is é an phríomhtheachtaireacht a tháinig ón gcomhdháil ná an gá atá ann tacú le tuismitheoirí a bheith páirteach in oideachas a bpáistí. Tá na himeachtaí foilsithe ar www.combatpoverty.ie.

Cúram agus Oideachas don Luath-Óige

Foilsíodh plé-pháipéar polasaí a rinne taiscéaladh ar an ról atá ag cúram agus oideachas na luath-óige ó pheirspictíocht bochtanans an linbh. Rinneadh imscrúdú ar na tairbhí féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag seirbhísí don luath-óige agus cuireadh líon moltaí polasaí chun cinn.

Bia Sláintiúil do Chách

Tá an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine ina páirtnéir sa tionscnamh *Bia Sláintiúil* do Chách (Health Food For All - HFFA), tionscnamh ilghníomhaireachta a chuireann chun cinn infhaighteacht agus inacmhainneacht bia sláintiúil do ghrúpaí ar ioncam íseal. Cuireadh tacaíocht ar fáil do HFFA i 2008 chun an chéad bhliain dá phlean forbartha trí bliana a chur i gcrích (2008-2010).

Staidéar Chomhairle na hEorpa ar Oibrithe ar Ioncam Íseal

Tugadh cuireadh do bhaill Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine a bheith páirteach i staidéar Chomhairle na hEorpa ar oibrithe ar ioncam íseal, agus chuige sin, chuir siad tuarascáil tíre agus treoirlínte dea-chleachtais i dtoll a chéile. Bhí baint againn freisin i réimse ceardlanna agus eachtraí líonraithe a dhéileáil le heisiaimh airgeadais agus le ró-fheichiúnas, lena n-áirítear seimineár agus cur i láthar ar Thástáil Shóisialta in Grenoble.

Tionscnamh Taighde ar Bhochtanas

Tacaíonn Tionscnamh Taighde ar Bhochtanas de chuid na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine le taighde neamhspleách atá ábhartha do pholasaí d'fhonn tuiscint an phobail ar bhochtanas a chur chun cinn agus chun forbairt creatlach polasaí chun dul i ngleic le bochtanas a fhaisnéisiú, an Plean Gnímh Náisiúnta d'Iniamh Sóisialta 2007-2016 ach go háirithe. Tá ceithre comhpháirt ag an tionscnamh: dámhachtainí taighde; comhaltachtaí taighde; intéirneachtaí taighde agus eachtraí chun taighde a chur chun cinn.

Dámhachtainí Taighde

I 2008, foilsíodh 11 Páipéar Oibre Taighde ar ár láithreán gréasáin. Rinneadh cúig dámhachtain nua i 2008.

Comhaltachtaí Taighde

Bronnadh Comhaltacht Taighde ar Cuairt sé mhí ag an Institiúid Polasaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar Georges Gloukievzoff. Thosaigh sé i 2009.

Bronnadh Scoláireachtaí faoin Tionscnamh Sochaí Cathartha/ Domhan Cothromaíoch, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath ar Matthew Seebach, Youthwork Ireland, agus ar Pamela Chiseri, Women of Multi-Cultural Balbriggan.

Bronnadh Comhaltacht PhD ar Paula Brudell, Coláiste na Tríonoide, Baile Átha Cliath, as ucht a chuid oibre ar rannpháirtíocht pobail in athbheochan uirbeach.

Intéirneachtaí iar-chéime sa nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine

Bronnadh dhá intéirneacht iar-chéime i 2008: Declan Markey, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, a d'oibrigh ar Chostais Leabhar Scoile; agus ar Niamh Kirwan, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, a d'oibrigh ar an staidéar chun monatóireachta a dhéanamh ar threochtaí bochtanais.

I 2008, athraíodh ainm na sraithe don Intéirneacht Taighde Sinsearach de chuid an Tionscnaimh Taighde ar Bhochtanas do Chomhaltachtaí Taighde Sinsearacha i Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine. Ceapadh dhá Chomhalta Sinsearach: Tricia Kielthy, a chríochnaigh staidéar ar cháilitheacht don chárta leighis ag baint úsáide as EU-SILC; agus Stuart Stamp, atá ag obair ar an Staidéar faoin gcaoi Ioncam Íseal a Láimhseáil i nGeilleagar Leictreonach agus a thuairiscíonn ar ró-fheichiúnas.

Eachtraí chun Taighde a Chur Chun Cinn

Tugann Eachtraí chun Taighde a Chur Chun Cinn deis chun éascaíocht a dhéanamh do na torthaí taighde a tháinig ón Tionscnamh Taighde ar Bhochtanas a scaipeadh go poiblí agus chun malartuithe foghama a chothú.

Tugadh maoiniú do thrí eachtra i 2008:

» Seoladh *Pensions: What Women Want: A model of pensions that guarantees independence* de chuid Comhairle Náisiúnta na mBan i mí Bealtaine 2008

» Seimineár Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar *Poverty, Social Exclusion and Holidaying – Experience and Policy in an Irish and European Context* i mí Dheireadh Fómhair 2008

» Seimineár One Family ar *Lone Parents and Employment* i mí na Samhna 2008.

Cumarsáid agus Oideachas Poiblí

Cuimsíonn obair na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine ar chumarsáid agus ar oideachas poiblí líon eilimintí:

» Foilseachán, lena n-áirítear irisleabhar ráithiúil *Action on Poverty Today*;

» Leabharlann agus seirbhís faisnéise, láithreán gréasáin san áireamh;

» Tionscnaimh oideachais agus feasachta;

» Comhdhálacha agus eachtraí.

Foilseacháin, *Action on Poverty Today* san áireamh

Tá an cumas atá ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine eolas a fhoilsiú go neamhspleách ar bhochtanas, fionnachtana taighde agus measúnaithe, sonraí faoi bhochtanas agus faoi dhea-chleachtas faoin gcaoi dul i ngleic le bochtanas rí-thábhachtach ó thaobh eolas nua faoi bhochtanas agus faoi réitigh do bhochtanas a chur in iúl.

Foilsíodh níos mó ná 30 foilseachán i rith 2008 i bhfoirm cruachóipe agus cóipe boige agus is féidir teacht orthu ar www.combatpoverty.ie.

Tá cáil mhaith ar *Action on Poverty Today* mar:

» foinse rialta faisnéise agus díospóireachta ar bhochtanas;

» eolas nua faoi bhochtanas;

» forbairtí polasaí agus saincheisteanna a bhaineann le bochtanas;

» eisiaimh sóisialta agus bealaí éifeachtacha chun dul i ngleic le bochtanas.

Foilsíodh trí eagrán i 2008

Leabharlann agus Seirbhís Faisnéise

Tá Leabharlann agus Seirbhís Faisnéise na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine ina bhailiúchán speisialaithe acmhainní ar bhochtanas, eisiaimh sóisialta agus ar pholasaí sóisialta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Is féidir leis an bhfoireann acmhainní a fháil ar iasacht agus tá úsáideoirí seachtracha na leabharlainne in ann tagairt a dhéanamh orthu.

Príomhfhoinse faisnéise é www.combatpoverty.ie ar ar féidir teidil de chuid na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine a íoslódáil nó a cheannacht.

Leanadh ag déanamh forbartha ar an Leabharlann agus an tSeirbhís Faisnéise agus ar an láithreán gréasáin mar phríomh-uirlisí cumarsáide i rith 2008.

Tionscnaimh Oideachais agus Feasachta

Tá saineolas uathúil forbartha ag clár oideachais iarbhunscoile na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine i ndáil le comhtháthú foghlama faoi bhochtanas agus eisiaimh sóisialta i siollabas agus i gcuraclaim an dara leibhéil. Moltar go leanfaí leis seo ar bhonn gníomhach, agus go ndéanfaí tagairt ar leith laistigh den:

» Ardteistiméireacht Fheidhmeach

» Idirbhliain (Sraith Shinsearach)

» Oideachas Sóisialta agus Polaitiúil (Sraith Shinsearach)

» Tíos (Sraith Shinsearach)

» Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (CSPE sa tSraith Shóisearach)

» Oideachas Reiligiúnach (Sraith Shóisearach agus Shinsearach)

» Oideachas Sláinte Sóisialta agus Pearsanta (Sraith Shóisearach agus Shinsearach).

Buiacphointe ar leith é forbairt acmhainn oideachais le haghaidh a úsáid san Idirbhliain. *A Level Playing Pitch?* an teideal a bhí air agus tá sé mar aidhm ag an aonad obair pobail a shocrú laistigh de chreatlach anailíseach d'fhonn cabhrú le daltaí cúiseanna struchtúrtha an bhochtanais a thuiscint. I 2008 fuair an tAonad bailíocht ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Lean an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine mar pháirtnéir sa Dámhachtain do Núalaithe Sóisialta Óga (YSI). De réir an YSI, déanann an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine urraíocht ar dhámhachtain bhliantúil don scoil is fearr a ghlacann leis an dúshlán *Making Our Country Free*. Tháinig 5,000 dalta san idirbhliain le chéile ag an eachtra bhliantúil náisiunta chun na tionscadail YSI ar chur ar taispeáint. Bronnadh an dámhachtain i mbliana ar Coláiste Naomh Leo, Ceatharlach.

Lá na Náisiún Aontaithe (UN) do Dhíothú an Bhochtanais

Leithdháileadh maoiniú de €30,000 ar sheacht n-eagraíocht d'fhonn gníomhaíochtaí áitiúla nó náisiúnta a eagrú ar mhaithe le feasacht a mhéadú ar Lá na Náisiún Aontaithe do Dhíothú an Bhochtanais an 17 Deireadh Fómhair. Is iad seo na grúpaí a fuair maoiniú: Gníomhaíocht Durlas Éile d'Fhorbairt Pobail; Comhairle Tréadach Pharóiste an Inbhir Mhóir – Fo-Ghrúpa do Shíochán agus Ceartas, Cill Mhantáin; Ceathrú Domhan ATD; Ionad Acmhainne Chnoc an Ráiléigh, Tiobraid Árann; Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall; Pléaráca Teo, Gaillimh agus Ionad Acmhainne na Sionainne do Theaghlaigh. I measc na dtionscnamh a d'eagraigh na grúpaí, bhí clár faisnéise 10 nóiméad, taispeántas ealaíne agus ceardaíochta,

bróisiúr agus láithreán gréasáin chun aird a tharraingt ar Lá na Náisiún Aontaithe, ceardlanna feasachta ar bhochtanas; taispeántas grianghraf, obair le bunscoileanna áitiúla mar aon le plé ar raidío áitiúil.

Comhdhálacha agus Seimineáir

Modhanna tábhachtacha do Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine iad Comhdhálacha agus Seimineáir chun comhráití polasaí a éascú agus chun teagmháil le lucht déanta polasaí. Tionóladh trí chomhdháil náisiúnta i 2008:

» Sárú na mBac do Mhíbhuntáiste Oideachais

» Taispeántas Aonad Iniata Sóisialta Rialtais Áitiúil, i gcomhpháirt leis an bhForas Riaracháin

» Together in Diversity: Comhdháil Eorpach ar Fhorbairt Pobail agus ar Idirchultúrachas.

Bíonn an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine ina óstach gach bliain ar shraith seimineár taighde ar bhochtanas chun faisnéis nua faoi bhochtanas a phoilbiú do lucht déanta polasaí, taighdeoirí agus do leasa frith-bhochtanais. Tionóladh 16 seimineár i 2008. Tá sonraí faoi na heachtraí agus cuir i láthair do na seimineáir le fáil ar ár láithreán gréasáin www.combatpoverty.ie.

Tá na páipéir oibre taighde a fuair maoiniú ón nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, agus a cuireadh i láthair i rith na sraithe, foilsithe ar-líne ag www.combatpoverty.ie

Comhairle Polasaí atá Bunaithe ar Fhianaise a Sholáthar

Is é croílár obair na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine ná soláthar comhairle polasaí atá bunaithe ar fhianaise. Tá taighde agus na ceachtanna atá foghlamtha ó thionscnaimh nuálaíocha ina mbuntaca do chomhairle polasaí na Gníomhaireachta. Cuirtear chun cinn é tríd an gclár cumarsáide, a chuimsigh na nithe seo a leanas i 2008:

Clár Idirchaidrimh Polasaí

Bhí teagmháil rialta ann le hairí Rialtais, polaiteoirí, oifigigh sna ranna Rialtais, baill foirne na Gníomhaireachta agus le hionadaithe tofa ag leibhéal an rialtais áitiúil. I measc na nithe a bhí san áireamh sa chlár idirchaidrimh polasaí bhí cruinnithe duine-le-duine, cuir i láthar do Chomhchoistí an Oireachtais, rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre agus bunú tionscadal comhoibríoch.

Ráitis agus Aighneachtaí Polasaí

Foilsíodh na ráitis polasaí seo a leanas i rith 2008:

» Dul i nGleic le hEisiaimh Airgeadais in Éirinn

» Comhairle na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine do Bhuiséad 2009 (aighneacht don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i ndáil le Buiséad 2009).

Anuas air sin, rinne an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine na haighneachtaí seo a leanas mar fhreagra do chomhairliúcháin sheachtracha:

» Aighneacht don HSE agus don Roinn Sláinte agus Leanaí i ndáil le Straitéis do Rannpháirtíocht Úsáideoirí na Seirbhíse agus an Phobail leis an HSE

» Aighneacht do Ghrúpa Oibre Rannach agus Earnála ar Bhochtanas Breosla

» Aighneacht ar an bPáipéar Glas faoi Rialtas Áitiúil – Daonlathas Áitiúil Níos Láidre – Roghanna d'Athrú

» Aighneacht mar fhreagra don Pháipéar Glas faoi Phinsin

» Aighneacht don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le himscrúdú a dhéanamh ar an Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS)

» Aighneacht ar fhorbairt Straitéise Náisiúnta nua maidir le Drugaí

» Aighneacht don Choimisiún um Chánachas: moladh chun airgead ó cháin charbóin a chur i leataobh chun dul i ngleic le bochtanas

» Aighneacht faoin mBille um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid) 2008

» Aighneacht don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le forbairt Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí

» Cion tairbhe don chomhairliúchán maidir le clár oibre sóisialta nua na hEorpa

Grúpaí Comhairleacha

Bhí an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine páirteach sna grúpaí comhairleacha seo a leanas i 2008:

» Grúpa Stiúrtha Rialtais Áitiúil faoi Iniamh Sóisialta, ar thionól an Roinn Comhshoail, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil é

» Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte Feidhmiú Náisiúnta na Straitéise do Rannpháirtíocht an Úsáideora

» Grúpa Comhairleach Teicniúil don Phlean Gnímh Náisiúnta ar Bhochtanas agus ar Iniamh Sóisialta a thionól an Oifig um Iniamh Sóisialta

» Painéal Roghnúcháin do na hIonaid Acmhainne do Theaghlaigh, ar thionól an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh é

» Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 Coistí Monatóireachta don Teorainn, Lár Tíre agus an Iarthar agus don Deisceart agus an Oirthear

» Coiste Monatóireachta na Straitéise d'Fhorbairt na Tuaithe 2007-2013 de chuid an NDP

» Grúpa Comhairleach Náisiúnta do Chlár Feidhmithe Íocaíochtaí Náisiunta, ar thionól Roinn an Taoisigh é.

Éifeachtacht na hEagraíochta

Lean an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine ag cloí le dea-chleachtas i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí i ndáil le bainistíocht agus leithdháileadh ár n-acmhainní airgeadais, daonna agus ábhartha mar aon lenár mbealaí oibre, lena n-áirítear

an comhpháirteachas atá againn le comhlachtaí agus le grúpaí seachtracha.

Acmhainní Daonna agus Forbairt Foirne

Lean na srianta a bhí ann maidir le folúntais thábhachtacha a líonadh i rith na bliana. I ndiaidh críochnú an Athbhreithnithe Ard-Leibhéil, tháinig deireadh le ról Kevin O'Kelly mar Stiúrthóir Gníomhach ó dheireadh mí Dheireadh Fómhair 2008. D'fhan post an Stiúrthóra gan líonadh agus i lár mhí na Nollag, ceapadh Jim Walsh, Anailísí Polasaí agus Taighde, mar Cheannaire Foirne Eatramhach ar feadh na hidirtréimhse sula gcuirfí an comhtháthú leis an Oifig um Iniamh Sóisialta i gcrích.

Sa chás gur tharla folúntais eile i bpoist buana, níor dearnadh ach ceapacháin shealadacha de bharr na srianta atá tagtha chun cinn san Athbhreithniú Ard-Leibhéil.

Forbairt agus Oiliúint

Ullmhaíodh Clár Forbartha agus Oiliúna cuimsitheach agus cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana é. Bhí laghdú beag ó thaobh gníomhaíocht forbartha agus oiliúna de i gcomparáid le 2007, rud a d'fhág go raibh 3.44 lá in aghaidh an fostaithe ann. Tá an figiúr seo bunaithe ar chaiteachas iomlán ar fhorbairt agus oiliúint i 2008 a bhí díreach níos mó ná 4.2 faoin gcéad den chostas párolla.

Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide

Is é an toradh a bhí ar chlár mór oibre a raibh sé mar aidhm aige bainistiú ar thaifid leictreonacha agus páipéir a fheabhsú ná gur ullmhaíodh agus gur cuireadh i bhfeidhm Scéim Rangúcháin nua, lámhleabhar oiliúna ina bhfuil polasaithe agus nósanna imeachta mar aon le lámhleabhar don fhoireann. Tionscnaíodh an córas nua i mí Lúnasa 2008.

Cuireadh tacaíocht ar ard-chaighdeán ar fáil i 2008 do Theicneolaíocht Faisnéise ar bhonn éifeachtach trí bhainistíocht córas inmheánach, treoirlínte d'úsáideoirí agus seirbhísí tacaíochta seachtracha.

Bainistíocht Airgeadais

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais 2007 agus ansin cuireadh faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh iad, in éineacht leis an Tuarascáil Bhliantúil, i mí an Mheithimh. Rinne an tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais i dTuarascáil Bhliantúil 2007.

Coinníodh taifid airgeadais maidir le gach ball foirne agus comhairleoir agus tugadh taifid cánach reachtúla ar aird mar chuid de nósanna imeachta caighdeánacha airgeadais agus fostaíochta.

Áiríodh leis na taifid airgeadais gach idirbheart a rinneadh don chuid sin de na Cláir Peace II, Peace II Extension agus Interreg IIIA a bhfuil freagracht ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine astu mar chuid den chomhaontú comhbhainistíochta le Pobal.

Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Inrochtaineacht

Ní dhearnadh mórán dul chun cinn eile maidir le rannpháirtíocht an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine sa Scéim Feabhas trí Inrochtaineacht (EtA) atá eagraithe ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, ná ina tiomantas di, de bharr brú i réimsí eile. Cuireadh siar aon tiomantas eile i ndáil le cur i bhfeidhm fionnachtana iniúchta faoi Scéim EtA ar sheirbhísí custaiméara, teicneolaíocht faisnéise agus an comhshaol fisiciúil.

Lean an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine lena rannpháirtíocht mar bhall de Choiste Monatóireachta an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i ndáil le comhlíonadh le Cuid 5 den Acht um Míchumas 2005.

Seirbhís Custaiméara

Rinneadh nuashonrú ar Phlean Gnímh Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine do Sheirbhís Custaiméara agus cuireadh chun cinn i rith na bliana é, agus cuireadh an t-aiseolas a fuarthas ó na hiniúchtaí a rinneadh faoin Scéim EtA san áireamh.

Rialachas

Lean an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine lena tiomantas do théarmaí an chomhaontú páirtnéireachta sóisialta I dTreo 2016, tríd a Plean Gnímh Nuachóirithe ach go háirithe. Rinne Coiste Páirtnéireachta na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine, a tháinig le chéile ceithre huaire i rith na bliana, nuashonrú agus monatóireacht ar an bPlean seo. D'fhíoraigh Ard-Rúnaí an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ina dhiaidh sin gur dearnadh dul chun cinn sásúil maidir leis na gníomhartha a bhí aontaithe.

Leanamar ag comhlíonadh le treoirlínte agus le nósanna imeachta tairisceana agus soláthair i rith na bliana chomh maith le riachtanais an Chóid Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit a chur i bhfeidhm.

I rith 2008, chuir an Bord ionchur straitéiseach ar fáil d'oibríochtaí na Gníomhaireachta trí líon fochoistí agus coistí comhairleacha de chuid an Bhoird (a raibh comhaltaí an Bhoird orthu, baill foirne na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine agus, i gcáis áirithe, saineolaithe seachtracha).

Bhí comhaltaí an Bhoird ina mbaill de dhá choiste den Chlár Peace in éineacht le baill foirne ón nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, Pobal agus Border Action agus ionadaithe ó eagraíochtaí gaolmhara a bhfuil baint acu leis na Cláir Peace.

I mí an Mheithimh, thug an Coiste Bhainistíocht Acmhainne faomhadh do Thuarascáil Mheasúnacht Tionchair ar Dhílárú nuashonraithe a cuireadh faoi bhráid na Roinne agus an Ghrúpa d'Fheidhmiú Díláraithe. I mí Lúnasa, tháinig an Coiste ar chomhaontú faoi athbhreithniú mór ar chostais agus ar choigealtas mar fhreagra ar iarratas an Rialtais i ndáil le bearta chun caiteachas a ghearradh siar don chuid eile de 2008 agus do 2009 ina iomán.

Rinne an Coiste Iniúchta, agus é i mbun dlúthchaidrimh leis an iniúchadh inmheánach, le baill foirne agus an bhainistíocht, maoirseacht ar chlár leanúnach oibre i rith 2008. I mí Feabhra, cuireadh PricewaterhouseCoopers in áirithe ar feadh tréimhse eile mar iniúchóir inmheánach.

Cuireadh athbhreithniú nuashonraithe a rinne PwC ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha i láthair i mí Eanáir 2008, agus rinneadh

amhlaidh le hathbhreithniú leantach a rinneadh i ndiaidh athbhreithniú Luach ar Airgead 2005 i ndáil le hÚsáid Comhairleoirí Seachtracha. Críochnaíodh athbhreithniú ar rialuithe agus nósanna imeachta theicneolaíocht faisnéise i mí Mheán Fómhair.

I 2008, bhí na coistí Boird seo a leanas ann:

» **Fochoistí Boird**
- Coiste Bhainistíocht Acmhainne
- Coiste Iniúchta
- Coiste Cánach agus Leasa
- Coiste Eatramhach.

» **Coistí Comhairleacha**
- Coiste Comhairleach Taighde
- Coiste Comhairleach Sláinte
- Coiste Comhairleach Cumarsáide
- Coiste Comhairleach Rialtais Áitiúil
- Coiste Comhairleach an Bhoird-na Foirne don Athbhreithniú Ard-Leibhéil.

» **Coistí Bainistíochta do Border Action (lena n-áiritear ionadaíocht na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine)**
- Comh-Choiste Bainistíochta (Cláir Peace/Interreg)
- Coiste Bhainistíocht Cuibhreannais (Clár Síochána Tras-Teorainn)
- Coiste Taighde.

Sláinte agus Sábháilteacht

Lean bainistíocht agus foireann na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine ag comhlíonadh a n-oibleagáidí de réir na reachtaíochta do shláinte agus do shábháilteacht ag an obair, faoi threoir Choiste Sláinte agus Sábháilteachta na Gníomhaireachta.

Bord na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine

Ceapadh Sharon Keane don Bhord i mí Feabhra mar ionadaí Boird thar ceann na Foirne. Bhí trí fholúntas ar an mBord ag deireadh na bliana.

Tháing an Bord le chéile 12 uair i 2008, agus bhí dhá chruinniú speisialta ann a bhain leis an Athbhreithniú atá á dhéanamh ar an nGníomhaireacht amháin. I mí Aibreáin, reáchtáladh an cruinniú Boird i mBaile Munna. I mí Mheán Fómhair tháinig an Bord le chéile i Luimneach. Áiríodh leis na cruinnithe seo seisiúin eolais--agus cuairteanna air--tionsadail áitiúla atá ina gcuid de na Cláir Athbheochana i mBaile Munna agus i Luimneach araon.

Aguisíní

Aguisín 1 – Bord, Fochoistí agus Foireann

Tá cur síos sa chuid seo den tuarascáil ar rannpháirtíocht ar na Fochoistí Boird éagsúla agus ar na gníomhaíochtaí bainteacha.

Tinreamh an Chomhalta (cruinnithe a reáchtáladh)	Líon na gcruinnithe a raibh an comhalta i láthair	Líon na gcruinnithe a raibh an comhalta i dteideal freastal orthu (12)
B Duncan	12	12
A Gavin	11	12
M Gorman	10	12
C Hazlett	12	12
S Keane	10	10
K King	12	12
T Lane	12	12
J Loughran	8	12
P McKevitt	9	12
B Mahon	9	12
J Monaghan	12	12
T O'Callaghan	10	12
E Russell	12	12

Táillí agus Speansais

Tá na táillí atá iníoctha do Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus faoi láthair €10,500 atá ann don Chathaoirleach agus €7,000 do na comhaltaí.[1] Íoctar speansais de réir Rialacháin na Státseirbhíse maidir le Taisteal agus Cothú.

[1] Ní fhaigheann an duine atá ceaptha ag an Aire ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh táille.

Fochoistí Boird (amhail an 31 Nollaig 2008)
Chomh maith le bheith ag freastal ar chruinnithe Boird, lean comhaltaí lena ról gníomhach ar fhochoistí agus ar choistí comhairleacha. Áiríodh baill foirne agus/nó daoine a ainmníodh ó líon comhlachtaí ábhartha seachtracha ar roinnt de na coistí comhairleacha. Tá sonraí thíos faoi na comhaltaí Boird agus faoi bhaill eagraíochtaí eile a bhí páirteach sna Coistí seo.

Coiste Bhainistíocht Acmhainne (a áiríonn an Coiste Dílárathe)
Anthony Gavin (Chair), Brian Duncan, Sharon Keane, Peter McKevitt, Catherine Hazlett.

Coiste Iniúchta
John Loughran (Cathaoirleach), Eugene Russell, Brian Mahon

Coiste Cánach agus Leasa
Tony Lane (Cathaoirleach), Maria Gorman, John Loughran, John Monaghan

Coiste Comhairleach Sláinte
Maria Gorman (Cathaoirleach), Peter McKevitt, Ivan Perry, Frank Mills, Cecily Kelleher, Sheilagh Reaper Reynolds, Maire O'Leary, Dave Reynolds, Tríona NicGiolla Choille, Pat Bennett, Anna May Harkin, Fran Keyes, Helen McAvoy, Barbary Cook, Cecilia Forrestal, Julie Howley, Diarmuid O'Donovan

Coiste Comhairleach Taighde
John Monaghan (Cathaoirleach), Catherine Hazlett, Des McCafferty, Claire Hickey, Ruth Tallion, Paddy Hillyard, Aideen Mooney, Clare Duffy, David Madden

Coiste Comhairleach Cumarsáide
Tony O'Callaghan (Cathaoirleach), Eugene Russell

Coiste Comhairleach Rialtais Áitiúil

Peter McKevitt (Cathaoirleach), Maria Gorman, Anne Costello, Brian Carty, Jerry Murphy, John Conway, Gabriel Foley, Tom McGettrick, Jim O'Donovan, Mark Callanan, Catherine Clancy, Frank Dawson, Liam Kenny

Comh-Choiste an Bhoird/Foirne don Athbhreithniú Ard-Leibhéil

Bord: Peter McKevitt (Cathaoirleach), Sharon Keane, Tony Lane, John Monaghan, Kitty King

Coiste Eatramhach

Anthony Gavin (Cathaoirleach), Peter McKevitt, John Monaghan

Comhchoiste Bainistíochta do Border Action

Brian Duncan, Kevin O'Kelly, Tony O'Callaghan, Eugene Russell

Coistí Bainistíochta Tras-Teorainn do Border Action

Brian Duncan, Kevin O'Kelly, Tony O'Callaghan

Foireann na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine (amhail an 31 Nollaig 2008)

Folúntas	Stiúrthóir
Jim Walsh	Ceannasaí Eatramhach agus Anailísí Polasaí & Taighde

Bainistíocht & Forbairt Eagrúcháin

Seán Mistéil	Ceannasaí ar Bhainistíocht & Forbairt Eagrúcháin
Eileen Scanlon[1]	Bainisteoir Acmhainní Daonna
Maria O'Neill[1]	Bainisteoir Airgeadais
Ann Riordan[2]	Feidhmeannas Seirbhísí Corparáideacha
Noelle Regan	Riarthóir Airgeadais
Folúntas	Fáilteoir / Cúntóir Seirbhísí Custaiméara
Anne Hallinan[2]	Cúntóir Riaracháin Sealadach

Tionscadail

Liz Sullivan	Ceannasaí Tionscadal
Joan O'Flynn[2]	Bainisteoir Cláir
Julie Smyth[2]	Bainisteoir Cláir
Elaine Houlihan	Oifigeach Tionscadal
Folúntas	Oifigeach Tionscadal
Louise Beirne	Oifigeach Tionscadal
Niamh Kelly	Oifigeach Feidhmiúcháin
Elaine Hynes	Oifigeach Cléireachais

Taighde

Kasey Treadwell Shine	Ceannasaí Taighde
Jim Walsh	Anailísí Polasaí
Caroline Corr	Oifigeach Taighde
Joanne Mulholland	Oifigeach Taighde Gníomhach
Folúntas	Riarthóir Taighde

Cumarsáid & Cúrsaí Poiblí

Folúntas	Ceannasaí Cumarsáid & Cúrsaí Poiblí
Sharon Keane	Oifigeach Idirchaidreamh Polasaí
Margaret O'Gorman	Oifigeach Cumarsáide
Jean Cassidy	Oifigeach Leabharlainne agus Faisnéise
Elaine Byrne	Oifigeach Feidhmiúcháin
Grace Kennedy[5]	Oifigeach Feidhmiúcháin (Gníomhach)
Eufemia Solinas[2]	Cúntóir Foilseacháin Gníomhach
Nadine Cooney[3&4]	Cúntóir Acmhainní Daonna agus Cumarsáide
Órla Ní Cheallacháin[5]	Cúntóir Acmhainní Daonna agus Cumarsáide Gníomhach

Intéirneacht

Stuart Stamp	Comhalta Sinsearach Taighde

1 Páirtaimseartha
2 Roinnt poist
3 Roinnte le Rannán Bainistíocht & Forbairt Eagrúchái
4 Ar Saoire Speisialta
5 Clúdach sealadach

Aguisín 2 – Tionscadail atá Maoinithe ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine

Maoiniú d'Fheasacht Phoiblí do Lá na Náisiún Aontaithe do Dhíothú an Bhochtanais 2008

Eagraíocht	€
ATD Ceathrú Domhan	5,000
Gníomhaíocht Durlas Éile d'Fhorbairt Phobail	4,098
Pléaráca Teo, Ros Muc, Co. na Gaillimhe	5,000
Comhairle Tréadach Pharóiste an Inbhir Mhóir	3,500
Lucht Siúil Dhún na nGall	2,850
Ionad Acmhainn Teaghlach na Sionainne. Co. an Chláir	2,100
Ionad Acmhainne Chnoc an Ráiléigh, Tiobraid Árann	5,000

Tionscnamh do Chúram Sláinte Príomhúil

Eagraíocht	€
Páirtnéireacht Uibh Fháilí Thair	15,000
Páirtnéireacht Paul	15,000
Grúpa Tionscnaimh an Oileáin Mhóir	15,000
Páirtnéireacht Chontae Liatroma	15,000
Ionad Acmhainne Leifear/Cloneigh	15,000
Fóram Phobail & Deonach Tiobraid Árainn Theas	14,956
CDP Baile an Bhlácaigh	12,500
CDP an Chorr Dhubh/Tionscadal Forbartha Bhaile Bhlainséir	12,500
CDP Rochtain Chothrom	10,000
CDP Wolfe Tone	10,000
Tionscadal Sláinte an Phobail - Folláin	10,000
Pavee Point	10,000
CDP Ros Comáin Thiar Thuaidh	10,000
Fóram Pobail Mhuineachán	10,000
Gníomhaíocht Idirchultúrtha Mhaigh Eo	10,000
Iorras le Chéile	10,000
CDP Fionnghlas Theas	10,000
Bord Athnuachana Fatima	10,000
Forbairt Phobail na hIarmhí Teo.	10,000

Pobail Shláintiúla a Chothú

Eagraíocht	€
Cumann Bodhar na hÉireann	12,500
CAN	12,500
Grúpa Tacaíochta Teifeach na Gaillimhe	12,500
Grúpa Tacaíochta Lucht Siúil na Gaillimhe	12,500
Páirtnéireacht Uíbh Fháilí Thiar	10,000
Grúpaí Fatima le Chéile	10,000
OPEN	10,000
Fothair Chardain (SPLTU)	10,000
Líonra Mná le Chéile	10,000

Bearta Tacaíochta d'Iniamh Sóisialta

Eagraíocht	€
CANDO	14,000
Ionad Acmhainn Teaghlach na Gaillimhe - Aonad	1,411
Líonra Gníomhaíocht Pobail Chill Chainnigh Teo	14,500
Páirtnéireacht Sligeach LEADER	14,500

Infreastruchtúr Taighde

Tionscadail Taighde Suaitheanta [íoctha i 2008]

Bronnta 2008	€
Extending In work Transfers in Ireland: Impacts on Labor Market Participation and Poverty.	
Scoil na hEacnamaíochta & Institiúid Geary, UCD.	5,856
The Influence of Educational-related Beliefs on Persistence versus Drop-out from Secondary School	
Scoil na Síceolaíochta, UCD.	8,491
Poverty and the Life-Cycle in 20th Century Ireland: A Childhood-Centred Analysis	
Roinn na Socheolaíochta, NUI, Má Nuad	6,000

Bronnta 2007	€
Revisiting the Cost of Children: Theory and Evidence from Ireland	
Scoil na hEacnamaíochta & Institiúid Geary, UCD.	6,650
Where next? Mapping and Understanding the Post-First Degree Destinations of Mature Disadvantaged Students in Three Higher Education Institutions	
Roinn Oideachas Aosach agus Pobail, NUI, Má Nuad.	12,500
A Comparative Study of Policies to Tackle and Prevent Poverty and Social Exclusion among Children	
Roinn Staidéaracha Sóisialta Feidhmeacha, NUI Má Nuad.	6,500
Progress and Problems in Social Housing Estates: A Ten-Year Follow-Up Study (Phase 1 and 2)	40,000
UCD	13,300

Bronnta 2005	€
Exploring the Potential of a Rights-Based Approach to Addressing Food Poverty in Ireland	
Scoil na hEolaíochta Bitheolaíche & Comhshaoil, UCD.	976
Linguistic Difference & Educational Disadvantage	
Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach	1,000

Bronnta 2004	€
Pension Reform and Poverty	
Roinn na hEacnamaíochta, NUI Gaillimh.	3,000
Social Exclusion Policies, the EU and Ireland	
Ollscoil Luimnigh	5,150

Bronnta 2003	€
Young Carers in Cork Coláiste na hOllscoile Corcaigh	4,777
Cost of Living for Different Social Groups in Ireland NUI, Gaillimh	1,800

Bronnta 2002	€
Affordable Housing Roinn na Pleanála Réigiúnaí agus Uirbí, UCD.	3,750

Dámhachtainí do Thionscadail Taighde Speisialta [íoctha in 2008]

Bronnta 2008	€
Engaging People in Active Citizenship in Dublin's Docklands – Testing the Key Conclusions of the Education and Training for Governance and Active Citizenship in Europe (ETGACE) Research Project Within an Irish Context. 3 tráthchuid. Staidéaracha Taighde & Iarchéime, Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath.	3,000 3,000 6,000

Bronnta 2007	€
Re-thinking Child Poverty and Social Exclusion – 2 tráthchuid Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath	6,479 6,479
Poverty amongst Migrants in the Private Rented Sector – 2 tráthchuid Tairseach	6,300 6,300
An Asset Based Approach to Skills Banking within Respond Communities – 2 tráthchuid Comhlachas Tithíochta Respond	3,333 6,667
Poor & Alone: The Living Alone Allowance as a Policy Response to Tackling Poverty – 2 tráthchuid Age Action Ireland	6,368 6,368
To Develop a Model of Pension Policy in Ireland that Advances the Elimination of Poverty of Older People and Advances Women's Equality Objectives Comhairle Náisiúnta na mBan	6,666

Bronnta 2006	€
Evaluation of the Credit Union and MABS Services in terms of their Impact on the Financial Capability of Low-Income Groups Ionad do Staidéaracha Comhoibríocha, Coláiste na hOllscoile Corcaigh	7,923
Ensuring that the Built Environment Enhances Child Well-Being in Social Housing Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath	3,309
Direct Provision and the Habitual Residence Condition in the Context of Government Policies and of National and International Law Ionad Saorchomhairle Dlí	3,300
Private Sector Involvement in Regenerating Social Housing Estates: Worthwhile and Workable? UCD	6,667

Bronnta 2005	€
Health Status of Family Carers Comhghuaillíocht Cúraim Baile Átha Cliath	5,000
Effectiveness of Primary Healthcare Service for Homeless People Merchants Quay Ireland	4,000

Eachtraí chun Taighde a Chur Chun Cinn [íoctha in 2008]

Bronnta 2008	€
Poverty, Social Exclusion and Holidaying – Experience and Policy in an Irish and European Context Ionad Taighde Turasóireachta, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath	1,989
Lone Parents and Employment – What does Research and Experience tell us? 2 instalments. Cherish/One Family, Baile Átha Cliath	13,300 5,000
Seoladh Tuarascála: 'Pensions: What Women Want – a Model of Pensions That Guarantees Independence' Comhairle Náisiúnta na mBan	5,000

Comhaltachtaí PhD [íoctha in 2008]

Bronnta 2006	€
The Role of Ability Grouping in Educational Disadvantage Allison Dunne, Roinn na Polaitíochta agus na Socheolaíochta, Institiúid Ollscoil na hEorpa	7,500

Bronnta 2008	€
The Incorporation of Dissent in the Renewal of Dublin Inner City: A Study of Engagements between Inner-city Communities and the Local State in the Implementation of Urban Renewal Schemes Paula Brudell, Roinn na Geografaíochta, UCD	15,000 {dámhachtain} 2,901 {táillí}

Comhaltacht Taighde ar Cuairt ag an Institiúid Polasaí, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath [íoctha in 2008]

Bronnta 2008	€
Financial Exclusion and Policy in Ireland Georges Gloukoviezoff, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath	13,500

Scoláireacht Taighde don tSochaí Shóisialta ag UCD/EWI [íoctha in 2008]

Bronnta 2008	€
Exploring the Policies and Practices of Access to Third/Higher Level Education and how they Impact on Social Inclusion for Immigrant Irish Resident Parents of Irish Citizen Children Pamela Chiriseri, Mná Bhaile Brigín Ilchultúrtha (WOMB)	10,000
Identifying and Clarifying the Role of Rights-based Approaches and Active Citizenship in Youth Work to address Social Inclusion and Equality Matthew Seebach, Obair don Óige	10,000

Aguisín 3 – Clár Tacaíochta Speisialta an AE do Shíocháin agus d'Athmhuintearas Deontais a íocadh i 2008

Chuir an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine agus Pobal, trí Border Action, bearta i bhfeidhm le chéile ó Chlár Speisialta Tacaíochta an Aontais Eorpaigh do Shíochán agus Athmhuintearas 2000-2008 (Clár Peace II) i réigiúin theorainn na hÉireann agus ar bhunús tras-teorann. I measc na sprioc-phobail agus grúpaí atá ann, tá íobartaigh agus a dteaghlaigh, iar-phríosúnaigh, daoine asáitithe, iar-bhaill de na forsaí slándála agus pobail mhionlaigh eile. I 2008, rinne Comhlacht Speisialta Cláir an AE na híocaíochtaí seo a leanas:

Beart 1.5 Gníomhaíocht Dhearfach do Mhná

Uimh. Tagartha	Tionscnóir/Ainm an Iarratasóra	Iomlán Íoctha	Iomlán Íoctha	Méid a tháinig ó Poblacht na hÉireann	Méid a tháinig ó Thuaisceart Éireann
		STG	€	€	€
0301-0399	Comhlacht Páirtnéireachta Shligigh Leader		-4,669.10	-4,669.10	
029526X	Bord Fiontar Chontae Shligigh Teo		65,453.50	65,453.50	
029631X	Comhlachas Oideachais na nOibrithe		116,733.15	116,733.15	
029874X	CDP Ionad na mBan Liatroma Thuaidh		21,367.48	21,367.48	
035427X	Coláiste Thiar-Theas		45,025.72	45,025.72	
035619X	Bord Fiontar Chontae Dhún na nGall		29,843.67	29,843.67	
			273,754.42	**273,754.42**	**0.00**

Beart 2.1 Athmhuintearas do Shíocháin Inbhuanaithe

Uimh. Tagartha	Tionscnóir/Ainm an Iarratasóra	Iomlán Íoctha	Iomlán Íoctha	Méid a tháinig ó Poblacht na hÉireann	Méid a tháinig ó Thuaisceart Éireann
		STG	€	€	€
0204-0225	Comhlacht Forbartha Gleannta Liatroma Thuaidh.		4,113.98	4,113.98	
029122X	Líonra Pobail Chontae Mhuineachán Teo.		95,435.37	95,435.37	
029228X	Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall		96,055.71	96,055.71	
029389X	Aonad Fhorbairt Curaclaim		51,793.75	51,793.75	
029558X	Comhlachas Forbartha Pobail Mhainéar Uí Chuinneagáin		48,647.15	48,647.15	
029661X	Grúpa Forbartha Eacnamaíche Ráth Bhoth Teo.		64,043.21	64,043.21	
029726X	Ionad na mBan Leitir Ceanainn		33,356.48	33,356.48	
030705X	Tionscnaimh Síochána Fóram Pobail Dhroichead Átha		76,180.66	76,180.66	
031185X	Comhlachais Tithíochta White Oaks Teo.		0.00	0.00	
032196X	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh		22,661.14	22,661.14	
034844X	Eagraíocht d'Iarshaighdiúirí Teoranta (ONET)		6,040.13	6,040.13	
035177X	Comhairle Contae Dhún na nGall		20,951.78	20,951.78	
035536X	Comhlachas Oideachais na nOibrithe		66,838.13	66,838.13	
035608X	Comhlachas Pobail Oileán na hInse		50,532.56	50,532.56	
036678X	Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan		141,906.03	141,906.03	
			778,556.08	**778,556.08**	**0.00**

Beart 2.4C / 2.4 Cosán d'Iniamh, Comhtháthú & Athmhuintearas Íobartach

Uimh. Tagartha	Tionscnóir/Ainm an Iarratasóra	Iomlán Íoctha	Iomlán Íoctha	Méid a tháinig ó Poblacht na hÉireann	Méid a tháinig ó Thuaisceart Éireann
		STG	€	€	€
0111-0019	Cumann Forbartha Chluain Eois Teo.		-53,785.24	-53,785.24	
0111-0020	Radio Pobal Inis Eoghain		-2,000.00	-2,000.00	
0111-0028	Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall		-10,551.16	-10,551.16	
0111-0032	Abhaile Arís Teo.		-2,475.40	-2,475.40	
0111-0045	Expac Teo.		5,721.49	5,721.49	
0208-0317	GROW		-503.78	-503.78	
0301-0393	LOCUS Management		5,244.42	5,244.42	
0306-0544	Tús Nua Sligeach		-451.00	-451.00	
029604X	GROW		3,885.55	3,885.55	
029789X	Tús Nua Sligeach		102,862.22	102,862.22	
031278X	Ionad Acmhainn Teaghlaigh an Chabháin		87,747.64	87,747.64	
031569X	Expac		84,375.84	84,375.84	
032664X	Iar Chimí Liatroma Teo.		85,963.71	85,963.71	
033076X	Failte Chluain Eois		92,183.84	92,183.84	
033622X	Abhaile Arís Teo.		128,265.51	128,265.51	
034528X	Fáilte Abhaile		140,985.90	140,985.90	
035614X	Expac Teo.		54,976.92	54,976.92	
036088X	Forbairt Pobail Mullach Meata - Corr Thí Talmhan		50,226.10	50,226.10	
037141X	Ionad Chearta Imirceoirí na hÉireann		7,047.64	7,047.64	
			779,720.20	**779,720.20**	**0.00**

Beart 2.7 Forbairt ar Infreastruchtúr Pobail Lag

Uimh. Tagartha	Tionscnóir/Ainm an Iarratasóra	Iomlán Íoctha	Iomlán Íoctha	Méid a tháinig ó Poblacht na hÉireann	Méid a tháinig ó Thuaisceart Éireann
		STG	€	€	€
0111-0033	Acmhainn Phobail & Theaghlaigh Dhún Fionnachaidh Teo.		-1,000.00	-1,000.00	
029274X	Cumann Forbartha Paiteogó & Tulaigh Uí Thiomáin		74,203.30	74,203.30	
029826X	Comharchumann Oibrithe Pobail – Líonra Dhún na nGall		57,457.17	57,457.17	
030853X	Fóram Pobail Chluain Eois Teo.		91,162.96	91,162.96	
031230X	Páirtnéireacht Chontae Mhuineachán		25,185.82	25,185.82	
032097X	Comhairle Pobail Chill na Seanrátha		56,237.94	56,237.94	
032243X	Forbairt Áitiúil Dhún na nGall		30,926.37	30,926.37	
033332X	Cumann Forbartha Cuaille		8,000.00	8,000.00	
033509X	Malartú agus Líonra Tuismitheora Aonair		63,807.73	63,807.73	
033899X	Acmhainn Phobail & Theaghlaigh Dhún Fionnachaidh Teo.		94,232.66	94,232.66	
034025X	Grúpa Mhionlach na Teorann		67,647.69	67,647.69	
035486X	Fóram Pobail Chontae Liatroma		51,886.10	51,886.10	
036191X	Boird Forbartha Mhuineachán agus Cabháin		79,707.98	79,707.98	
036487X	Tuath f/ch Ionad Fhorbairt Ghnó		24,024.80	24,024.80	
036787X	Ionad Pobail Rinn Uí Choigligh Teo.		38,314.23	38,314.23	
036828X	Clár Oibre Pobail an Chrainn Mhóir		70,377.41	70,377.41	
036937X	Tionscadal Oideachais Athdheise do Mhná		86,240.41	86,240.41	
037013X	Comhairle Contae an Chabháin (Roinn Cumarsáide & Fiontar)		102,850.72	102,850.72	
037020X	Comhlachas Fhorbairt Conmhaigh agus Ceantar Teo.		48,935.15	48,935.15	
			1,070,198.44	**1,070,198.44**	**0.00**

Beart 5.3 Forbairt Athmhuintearas & Tuiscint Tras-Teorann

Uimh. Tagartha	Tionscnóir/Ainm an Iarratasóra	Iomlán Íoctha	Iomlán Íoctha	Méid a tháinig ó Poblacht na hÉireann	Méid a tháinig ó Thuaisceart Éireann
		STG	€	€	€
0111-0083	Meabhairshláinte Tuaithe		2,326.69	1,058.64	1,268.05
0111-0113	Seanóirí Bhaile an Chollaigh		1,293.03	588.33	704.70
0111-0114	Ionad Comhairleoireachta Dhún Dealgan		-2,211.17	-1,006.08	-1,205.09
0112-0127	Compántas Drámaíochta Boomerang		-3,743.28	-1,703.19	-2,040.09
029147X	An Teach Bán: Ionad do Chothú na Síochána		207,927.19	116,439.23	91,487.96
029179X	Ionad Athmhuintearais Ghleann Crí		-27,774.14	-15,553.52	-12,220.62
029236X	Compántas Drámaíochta Upstate		23,747.70	13,298.71	10,448.99
029291X	Ionad Athmhuintearais Ghleann Crí		68,066.17	38,117.06	29,949.11
029358X	Cumann Gaelach Chnoc na Ros Doire		60,470.36	33,863.40	26,606.96
029778X	Comhlacht Forbartha Tras-Teorann Kiltycashel Teo.		83,300.82	46,648.46	36,652.36
029830X	Tionscadal Comharsanachta Muineachán don Óige		38,822.13	21,740.39	17,081.74
029850X	Forbairt Fiontar Bhaile idir Dhá Abhainn (Sligeach) Teo.		96,855.96	54,239.34	42,616.62

Uimh. Tagartha	Tionscnóir/Ainm an Iarratasóra	Iomlán Íoctha	Iomlán Íoctha	Méid a tháinig ó Poblacht na hÉireann	NI Element
		STG	€	€	€
030017X	Comhlacht Fhorbairt Fiontair Latharna (LEDCOM)		3,581.86	2,005.84	1,576.02
030023X	Líonra Pobail Chontae Mhuineachán		270,927.70	151,719.51	119,208.19
030031X	Imeall Trá Teo		71,507.06	40,043.95	31,463.11
030643X	An tIonad Orgánach		32,504.98	18,202.79	14,302.19
030754X	NIPPA – Eagraíocht na mBlianta Luatha		81,468.78	45,622.52	35,846.26
030778X	YMCA Dhún na nGall		47,064.58	26,356.16	20,708.42
031904X	Compántas Drámaíochta Boomerang		79,499.41	44,519.67	34,979.74
032013X	Grúpa Shaylyn Teoranta		58,897.37	32,982.53	25,914.84
034231X	Co-operation Ireland		187,217.33	104,841.70	82,375.63
035662X	Comhlacht Páirtnéireacha Inis Eoghain		114,131.39	63,913.58	50,217.81
038060X	Coláiste Ómaí		135,421.09	75,835.81	59,585.28
0204-0247 NIVT	NIACAB	-£124.25	-180.16	-81.97	-98.19
029165 CFNI	Well Woman Doire	£133,272.35	193,244.91	108,217.15	85,027.76
029169 CFNI	Gníomhaíocht Dhoire agus Ráth Bhoth	£127,478.55	184,843.90	103,512.58	81,331.32
029385 CFNI	Coiste na nIarchimí	£72,844.21	105,624.10	59,149.50	46,474.60
029437 CFNI	Amharc-Íomhánna an Phobail	£93,553.02	135,651.88	75,965.05	59,686.83
029514 CFNI	Ionad Acmhainn Idirghabhála	£49,772.97	72,170.81	40,415.65	31,755.16

Uimh. Tagartha	Tionscnóir/Ainm an Iarratasóra	Iomlán Íoctha	Iomlán Íoctha	Méid a tháinig ó Poblacht na hÉireann	Méid a tháinig ó Thuaisceart Éireann
		STG	€	€	€
029793 CFNI	Ionad Tras-Teorann d'Fhorbairt Pobail		161,260.17	90,305.70	70,954.47
031195 CFNI	Tionscadal Horizon (Éire) Teoranta	£47,344.94	68,650.16	38,444.09	30,206.07
031267 CFNI	NICHS	£84,450.05	122,452.57	68,573.44	53,879.13
031907 CFNI	Cumann Pobail na Seanchille		31,891.46	17,859.22	14,032.24
031997 CFNI	The Nerve Centre	£71,828.67	104,151.57	58,324.88	45,826.69
032506 CFNI	Idirchaidreamh Bhéal Feirste	£78,678.31	114,083.55	63,886.79	50,196.76
032822 CFNI	Gníomhaireacht Fhorbairt Pobail	£75,440.59	109,388.86	61,257.76	48,131.10
033703 CFNI	Tionscadail Oiliúna don Óige Maydown Teo	£73,545.26	106,640.63	59,718.75	46,921.88
034253 CFNI	Forbairt Phobail Cairlinn Teo.		38,757.95	21,704.45	17,053.50
034993 CFNI	Líonra Ban Tuaithe Ard Mhacha Theas	£40,446.46	58,647.37	32,842.53	25,804.84
035667 CFNI	Springboard	£58,926.56	85,443.51	47,848.37	37,595.14
0202-0173CI	Múseam an Chontae, Dún Dealgan / Músaeim Iúr Cinn Trá & Múrna	£0.00	-57.68	-28.84	-28.84
0204-0267CI	Gailearaí Grianghrafadóireachta	£0.00	12,065.56	6,032.78	6,032.78
029159 CI	Tionscnamh Farset Inis Eoghain & Contaetha na Teorann	£89,196.81	129,335.37	72,427.81	56,907.56

Uimh. Tagartha	Tionscnóir/Ainm an Iarratasóra	Iomlán Íoctha	Iomlán Íoctha	Méid a tháinig ó Poblacht na hÉireann	Méid a tháinig ó Thuaisceart Éireann
		STG	€	€	€
029181 CI	Gníomhaireacht Fhorbairt Pobail Sandy Row	£21,828.51	31,651.34	17,724.75	13,926.59
029290 CI	Plato Lú/lúr Cinn Trá & Múrna	£64,180.65	93,061.94	52,114.69	40,947.25
029580 CI	PLATO Blackwater		63,261.29	35,426.32	27,834.97
029590 CI	Tionscadal 1825	£65,055.21	94,330.05	52,824.83	41,505.22
029617 CI	Iontaobhas Infheistíocht Pobail Uladh Teo		48,430.16	27,120.89	21,309.27
029843 CI	Peil Dunfield Teoranta	£77,315.66	112,107.71	62,780.32	49,327.39
030029 CI	Múseam an Chontae, Dún Dealgan agus Músaem Iúr Cinn Trá & Múrna		3,000.00	1,680.00	1,320.00
030055 CI	Grúpa Forbartha Pobail & Óige Trojans	£41,733.65	60,513.79	33,887.72	26,626.07
030082 CI	Forbairt Tuaithe Inis Eoghain Teo.		93,764.27	52,507.99	41,256.28
030378 CI	Athnuachan Nua na Teorann Teoranta		87,186.38	48,824.37	38,362.01
030489 CI	Páirtnéireacht Pobail Béal Leice & Ceantar	£63,112.52	91,513.15	51,247.36	40,265.79
030766 CI	Gníomhaireacht Fiontair Iúr Cinn Trá & Múrna	£94,486.72	137,005.74	76,723.21	60,282.53

Uimh. Tagartha	Tionscnóir/Ainm an Iarratasóra	Iomlán Íoctha	Iomlán Íoctha	Méid a tháinig ó Poblacht na hÉireann	Méid a tháinig ó Thuaisceart Éireann
		STG	€	€	€
031027 CI	Iontaobhas Ceardchuman na hÉireann (ITUT)	£57,744.93	83,730.15	46,888.88	36,841.27
031409 CI	Iontaobhas Aigéin an Óige	£12,697.05	18,410.72	10,310.00	8,100.72
031807 CI	Páirtnéireacht Tír Eoghain Dún na nGall	£41,783.45	60,586.00	33,928.16	26,657.84
032808 CI	Cumann Ealaíon & Cultúrtha Ballymacarrett	£92,453.00	134,056.85	75,071.84	58,985.01
033047 CI	Workspace agus WESTBIC	£67,581.99	97,993.89	54,876.58	43,117.31
033771 CI	Balor DCA/Border Arts 2000	£95,512.44	138,493.04	77,556.10	60,936.94
034002 CI	Cumann MS na hÉireann Réigiuin Thiar Thuaidh		32,321.80	18,100.21	14,221.59
034034 CI	Ionad do Staidéaracha Tras-Teorann	£53,946.83	78,222.90	43,804.82	34,418.08
034771 CI	Músaeim Chontae an Chabháin agus Fear Manach		52,421.17	29,355.86	23,065.31
035260 CI	Ionad do Staidéaracha Tras-Teorann	£99,742.57	144,626.73	80,990.97	63,635.76
035466 CI	Scoil Éacúiméinice na hÉireann	£24,177.06	35,056.74	19,631.77	15,424.97
		£2,070,006.74	**5,257,115.31**	**2,943,528.16**	**2,313,587.15**

1. Cuimsíonn na híocaíochtaí thuas a rinneadh faoi Bheart Tras-Teorann 5.3 méid Thuaisceart Éireann agus méid Phoblacht na hÉireann.

Ráitis Airgeadais don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig, 2008

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na mBall

Bunaíodh an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine i 1986, ar ordú an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, a rinneadh faoi Acht na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine, 1986.

Éilíonn Cuid 10(1) den Acht do Chomhrac na Bochtaine, 1986, ar an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine gach cuntas is cuí agus is gnáth a choinneáil den airgead uile a fuair sé nó a chaith sé, ina leithéid de fhoirm is a d'fhéadfadh a bheith faofa ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, le toiliú an Aire Airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Bhaill na Gníomhaireachta:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ansin go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin mura mbeidh sé feiliúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine i mbun feidhmiúcháin;
- ráiteas a dhéanamh cibé ar leanadh caighdeáin cuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon difríocht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá Baill na Gníomhaireachta freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann ag am ar bith suíomh airgeadais na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine atá réasúnta cruinn agus a chuireann ar a chumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le Cuid 10(1) d'Acht 1986. Tá Baill na Gníomhaireachta freagrach chomh maith as sócmhainní Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine a chosaint agus dá bharr sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun cosc a chur le calaois agus mírialtachtaí eile agus chun a leithéid a bhrath.

Bunús na Ráiteas Airgeadais

Tá Comhchoiste Bainistíochta bunaithe ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine i gcomhar le Pobal (Area Development Management Ltd. a bhí air roimhe seo (ADM Ltd.)) chun riaradh a dhéanamh ar Chlár Tacaíochta Speisialta an AE do Shíocháin agus Athmhuintearas sna sé chontae ar an teorainn. Tá na hidirbhearta dá oibríochtaí atá "lárnach", a bhfuil dliteanas ag an nGníomhaireacht um Comhrac na Bochtaine ina leith mar gheall ar an socrú comhbhainistíochta, á gcomhdhlúthú sna ráitis airgeadais seo.

Brian Duncan: Cathaoirleach
Dáta: 23 Aibreán, 2009

Anthony Gavin: Comhalta Boird

Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann bhaill Bhord na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don fhreagracht atá orainn cinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialú inmheánach airgeadais á choinneáil agus á fheidhmiú ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta a thabhairt, agus ní cinnteacht iomlán, go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, go mbíonn na hidirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil cosc á chur le hearráidí nó mírialtachtaí ábhartha, nó go n-aimseofaí iad go tráthúil.

Nósanna Imeachta Rialaithe Tábhachtacha

Tá bearta déanta ag an mBord chun a chinntiú go mbíonn timpeallacht rialaithe chuí ann trí:

— nósanna imeachta foirmeálta a bhunú trí fheidhmeanna éagsúla coistí chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus cosaint a dhéanamh ar shócmhainní na heagraíochta;

— sainmhíniú agus doiciméadú soiléir a dhéanamh ar fhreagrachtaí agus cumhachtaí na bainistíochta; agus

— forbairt a dhéanamh ar chultúr láidir cuntasachta ag gach leibhéal den eagraíocht.

Leanann an Bord dá chleachtas:

— bheith ag obair go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí agus institiúidí éagsúla, lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar chuspóirí na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine mar aon le tacaíocht do straitéisí na Gníomhaireachta um Chomhrac na Bochtaine chun na spriocanna seo a bhaint amach;

— athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha, idir ghearrthéarmach agus fhadtéarmach, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis na pleananna sin a thabhairt chun críche;

— an t-Athbhreithniú Ard-Leibhéil ar thodhchaí na Ghníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine, a bhí ag dul ar aghaidh ar feadh an chuid is mó de 2008, a chur san áireamh;

— spriocanna bliantúla agus fadtéarmacha a leagan síos do gach réimse dár n-oibríochtaí, chomh maith le tuairisciú rialta ar na torthaí a bhaintear amach;

— nósanna imeachta agus forálacha cuimsitheacha caighdeánacha a bhunú agus a fhorfheidhmiú, faoina bhféadfaí cúnamh airgeadais a chur ar fáil do thionscadail, lena n-áirítear comhlíonadh le nósanna imeachta cánach, rialacháin agus tuairiscithe; agus

— forálacha a chur i bhfeidhm a fhágann go mbeidh ar an tionscnóir an t-airgead a aisíoc mura gcomhlíontar na gealltanais a rinneadh i leith an tionscnaimh.

Tá an córas rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach a bhfuil eolas rialta bainistíochta ina chuid de, mar aon le nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis na rudaí seo a leanas ach go háirithe:

— an Bord a bheith ag déanamh athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis sin a bhí tuartha;

— spriocanna a leagan síos chun tomhas a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais agus feidhmíochtaí eile; agus

— disciplíní foirmiúla i leith bhainistíocht tionscadal.

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais le haghaidh rialú inmheánach airgeadais faisnéis ó obair an iniúchóra inmheánaigh agus an Choiste Iniúchta, a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, an Fhoireann Bainistíochta atá freagrach as an gcreatlach rialú airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, mar aon leis an méid atá le rá ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Sa bhliain 2008, lean PricewaterhouseCoopers dá n-obair mar iniúchóir inmheánach agus tuairiscíonn siad go díreach chuig an gCoiste Iniúchta a thug faoi chlár gníomhach oibre agus a thuairiscigh chuig an mBord go rialta. Chuir an Coiste bailchríoch ar phlean oibre don bhliain in éineacht leis an iniúchóir inmheánach, agus rinne sé monatóireacht agus tuairisciú rialta ar a dhul chun cinn.

I measc na rialuithe tábhachtacha eile ar dearnadh athbhreithniú orthu agus a cuireadh i bhfeidhm i 2008, áiríodh na cinn seo a leanas:

— rialuithe ginearálta ríomhaireachta agus teicneolaíocht faisnéise;

— Rialachas agus saincheisteanna eile a tháinig chun cinn mar thoradh ar an Athbhreithniú Ard-Leibhéil ar an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine agus cinneadh an Rialtais ina dhiaidh sin deireadh a chur leis an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine; agus

— luach ar airgead/úsáid comhairleoirí seachtracha agus rialuithe caiteachais.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú

Deimhním go ndearna an Bord, tríd an gCoiste Iniúchta, athbhreithniú ar eifeachtúlacht an chóras rialú airgeadais le linn 2008.

Brian Duncan: Cathaoirleach

Dáta: 23 Aibreán, 2009

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Bunús na Cuntasaíochta

Is leis an modh fabhraithe cuntasaíochta a ullmhaíodh na ráitis airgeadais, ach amháin sa chás go gcuirtear a mhalairt in iúl thíos, agus de réir na ngnáthphrionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go forleathan faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

Glactar le caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

Gnóthas Leantach

I mí na Nollaig 2007, thug an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh faoi athbhreithniú, de bhun cinneadh Rialtais, ar thodhchaí na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine agus a feidhmeanna, i gcomhpháirt le ranna ábhartha eile agus é mar aidhm acu moltaí a dhéanamh don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Críochnaíodh an t-athbhreithniú i mí Mheán Fómhair 2008. Fógraíodh cinneadh Rialtais an 14 Deireadh Fómhair deireadh a chur leis an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine mar chomhlacht ar leith agus a feidhmeanna a chomhtháthú leis an Oifig d'Iniamh Sóisialta laistigh den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

I mí na Nollaig 2008, ritheadh reachtaíocht a thug éifeacht don chinneadh seo mar chuid den Acht um Leasa Shóisialaigh (Forálacha Éagsúla) 2008. De réir na reachtaíochta seo, ní mór don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh Ordú um Thosach Feidhme a shíniú a shocróidh an dáta foirmeálta do Chomhtháthú. Tá Plean Eatramhach don chomhtháthú ann cheana féin. Ullmhaíodh na ráitis seo ar bhunús an ghnóthais leantaigh i gcomhthéacs an phróisis eatramhaigh seo.

Deontas i gCabhair ón Oireachtas

Is ionann an t-ioncam ón bhfoinse seo agus fáltais iarbhír airgid sa bhliain.

Maoiniú an AE

Áirítear an maoiniú do Chlár Speisialta an AE do Shíocháin agus Athmhuintearas chomh maith le Cúnamh Teicniúil chun costais riartha an chláir a íoc mar ioncam, agus é ag comhfhreagairt don chaiteachas a tabhaíodh. Léirítear comhardú na bhfáltas os cionn an chaiteachais agus/nó caiteachas os cionn na bhfáltas mar Ioncam Iarchurtha agus/nó Féichiúnaithe, de réir mar is cuí.

Tograí agus Cláir chun Bochtaineacht a Chomhrac

Is ionann caiteachas agus íocaíochtaí a rinne an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine i rith na bliana. Tá úinéireacht na míreanna caipitiúla, ar cheannaigh na heagraithe tionscadal iad, dílsithe sna páirtithe a mhaoinigh an tionscadal ar bhunús comhréireach. Níl an leas atá ag Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine sna sócmhainní sin san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Léirítear Sócmhainní Seasta ag an gcostas bunaidh, lúide an dímheas carntha.

Déantar foráil do dhímheas ar bhonn líne dírí, ag na rátaí bliantúla seo a leanas:

Troscán	12.50%
Trealamh	20.00%
Trealamh Ríomhaireachta	33.33%

Cuntas Caipitil

Is ionann an Cuntas Caipitil agus an méid ioncaim neamhamúchta atá leithdháilte le haghaidh ceannach sócmhainní seasta.

Aoisliúntas

Oibríonn an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine scéim pinsin a bhfuil sochar sainmhínithe ag dul leis agus maoinítear go bliantúil í ar bhonn "íoctar mar a úsáidtear" leis an airgead atá ar fáil di, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar fáil.

Is ionann costais pinsean agus na sochair phinsean atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad mar ghlan-ranníocaíochtaí pinsean foirne a n-íoctar ar ais don Roinn de réir socruithe airgeadais na Gníomhaireachta. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid gur féidir é a aisghabháil, agus é fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a urscaoileadh.

Tá gnóthachain agus caillteanais achtúireachta a eascraíonn ó dhliteanais scéime le feiceáil i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn. Is ionann dliteanais phinsean agus luach reatha na bpinsean sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Is ionann maoiniú iarchurtha pinsean agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil ón Roinn i dtréimhsí sa todhchaí.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €	2007 €
Ioncam			
Deontas i gCabhair ón Oireachtas			
Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh		**4,114,302**	4,008,068
Clár an AE do Shíocháin agus Athmhuintearas	1a	**892,523**	911,832
Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin	10c	**497,000**	476,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe Inaisíoctha don DSFA	10d	**(36,882)**	(35,286)
Ioncam Eile	1b	**84,862**	230,705
		5,551,805	5,591,319
Aistriú (do)/ón gCuntas Caipitil	6	**28,581**	(9,133)
Ioncam Iomlán		**5,580,386**	5,582,186
Caiteachas			
Tionscadail agus Cláir don nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine			
Cláir Nuálaíocha	2a	**822,959**	865,120
Cumarsáidí agus Cúrsaí Poiblí		**446,311**	619,225
Cur Chun Cinn Taighde, Staidéaracha agus Anailís Polasaí		**514,096**	493,317
Clár an AE do Shíocháin agus Athmhuintearas	2b	**3,423**	44,719
Príomhshruthú Iniata Sóisialta san AE	2c	**-**	28,971
		1,786,789	2,051,352
Costais Forbartha, Tacaíochta agus Riaracháin			
Costais Tuarastal agus Speansais	3	**2,229,659**	2,276,065
Cíos agus Costais Riaracháin Eile	4	**941,767**	889,499
Costais Pinsean	10d	**463,118**	449,714
Dímheas	5	**31,381**	48,974
		3,665,925	3,664,252
Caiteachas Iomlán		**5,452,714**	5,715,604
Barrachas/ (Easnamh) don Bhliain		**127,672**	(133,418)
Barrachas amhail an 1 Eanáir		**465,896**	599,314
Barrachas amhail an 31 Nollaig		**593,568**	465,896

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 12 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Brian Duncan: Cathaoirleach
Dáta: 23 Aibrean, 2009

Anthony Gavin: Comhalta Boird

Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán

	2008 €	2007 €
Barrachas /(Easnamh) don Bhliain	**127,672**	(133,418)
(Gnóthachain)/Caillteanais Thaithí ó Dhliteanais na Scéime Pinsin	**(47,000)**	(226,000)
Coigeartú do Mhaoiniú Iarchurtha Pinsean	**47,000**	226,000
Gnóthachan/(Caillteanas) Aitheanta Iomlán don Bhliain	**127,672**	(133,418)

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 12 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Brian Duncan: Cathaoirleach

Anthony Gavin: Comhalta Boird

Dáta: 23 Aibrean, 2009

Clár Comhardaithe amháil an 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €	2007 €
Sócmhainní Seasta			
Troscán agus Trealamh	5	**53,963**	82,544
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí		**139,587**	139,487
Clár an AE do Shíocháin agus Athmhuintearas -Cúnamh Teicniúil Infhála	1	**110,115**	-
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		**628,376**	893,131
		878,078	1,032,618
Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe		**284,510**	148,779
Clár an AE do Shíocháin agus Athmhuintearas -Cúnamh Teicniúil	1	**-**	417,943
		284,510	566,722
Glansócmhainní Reatha		**593,568**	465,896
Iomlán Na Sócmhainní Lúide Na Dliteanais Reatha Roimh Phinsin		**647,531**	548,440
Maoiniú Iarchurtha Pinsean		**3,700,000**	3,250,000
Dliteanas Pinsean		**(3,700,000)**	(3,250,000)
Glansócmhainní		**647,531**	548,440
Léirithe Ag:			
Cuntas Caipitil	6	**53,963**	82,544
Barrachas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais		**593,568**	465,896
		647,531	548,440

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Brian Duncan: Cathaoirleach

Anthony Gavin: Comhalta Boird

Dáta: 23 Aibrean, 2009

Ráiteas Sreafa Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	**2008**	2007
		€	€
Glan Airgead (Eis-Sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	7(a)	**(277,349)**	(800,836)
Torthaí ar Infheistíochtaí agus Seirbhísiú Airgeadais			
Ús Faighte		**15,521**	33,333
Glan-Insreabhadh ó thorthaí ar infheistíochtaí agus ó sheirbhísiú airgeadais		**15,521**	33,333
Gníomhaíochtaí Infheistíochta			
Ceannach sócmhainní seasta		**(4,726)**	(67,703)
Diúscairt sócmhainní seasta		**1,799**	10,337
Eis-Sreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		**(2,927)**	(57,366)
(Laghdú) in Airgead Tirim		**(264,755)**	(824,869)

Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Brian Duncan: Cathaoirleach

Anthony Gavin: Comhalta Boird

Dáta: 23 Aibrean, 2009

Nótaí Leis Na Ráitis Airgeadais

1. Ioncam

	2008	2007
	€	€
a Clár an AE do Shíocháin agus Athmhuintearas		
Maoiniú Cláir		
Ioncam Iarchurtha amhail an 1 Eanáir	-	401,537
Maoiniú tríd an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	-	(449,037)
(Ioncam Iarchurtha) amhail an 31 Nollaig	-	-
Ioncam Aitheanta	-	(47,500)
Cúnamh Teicniúil		
Ioncam Iarchurtha amhail an 1 Eanáir	**417,943**	442,961
Maoiniú trí Chomhlacht Íocaíochta Speisialta an AE (SEUPB)	**364,465**	934,314
Deontais Infhála /(Ioncam Iarchurtha) amhail an 31 Nollaig	**110,115**	(417,943)
Ioncam Aitheanta	**892,523**	959,332
Iomlán	**892,523**	911,832

Is ionann an maoiniú ESF/ERDF a fuarthas ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus 25% ón Státchiste agus 75% ón AE.

Chun costais riaracháin na mBeart éagsúil i gClár Speisialta an AE do Shíocháin agus Athmhuintearas a chomhlíonadh, bíonn 75% de Chúnamh Teicniúil á chur ar fáil ag an AE agus 25% ag Rialtas na hÉireann agus na Breataine. Baineann ranníocaíocht Rialtas na Breataine le Beart 5.3 agus is ionann é agus 13.5%. Aithnítear go gcomhfhreagraíonn an t-ioncam do chaiteachas de €3,423 ar Chostais Tacaíochta agus €889,100 ar Chostais Riaracháin (féach Nóta 2 b).

Le linn 2005, 2006, 2007 agus 2008, aistríodh maoiniú ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh díreach go dtí Comhlacht Chláir Speisialta an AE a bhí freagrach as íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail trína aonad lárnach íocaíochtaí. Níl sé seo le feiceáil sna Ráitis Airgeadais, mar sin.

1. Ioncam (ar lean)

	2008 €	2007 €
b Ioncam Eile		
Tionscnamh do Bhochtanas Breosla		
Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann	**25,000**	-
Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	**20,000**	-
Ús Tuillte ar Chuntais Taisce	**15,521**	33,333
Díol Foilseachán	**12,151**	19,111
Táillí a fuarthas	**5,415**	1,842
Eurofound – Comhdháil ar Fhorbairt Pobail agus ar Idirchultúrachas	**4,000**	-
Ioncam Ilchineálach	**2,775**	2,440
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - Pobail Shláintiúla a Chothú	**-**	110,000
Clár Eisiata Sóisialta an AE – Coimisiúin an AE	**-**	63,979
	84,862	230,705

2. Tionscadail Agus Cláir Do Chomhrac Na Bochtaine

a Cláir Nuálaíocha

Is é ceann d'fheidhmeanna na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine ná bearta a thionscnamh agus a mheas a bhfuil sé mar aidhm acu dul i ngleic leis an mbochtanas. Ag teacht leis an bhfeidhm seo, tacaíonn an Ghníomhaireacht um Comhrac na Bochtaine le líon teoranta tionscadal agus clár i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon ina bhfuiltear ag iarraidh straitéisí a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach atá ceaptha dul i ngleic le bunchúiseanna an bhochtanais. Bhí fócas ag na cláir agus na tionscadail a díríodh orthu i 2008 ar fhreagraí áitiúla agus réigiúnacha do bhochtanas; ar rannpháirtíocht an phobail i gcúram sláinte príomhúil (i gcomhpháirt leis an HSE); ar thacaíocht níos leithne a lorg don Chlár Pobail Shláintiúla a Chothú ar tháinig deireadh leis i 2007 agus ar Thacaíocht a thabhairt d'Obair Frith-Bhochtanais. Tacaíonn an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine freisin le tionscnaimh agus le cláir eile trí oiliúint agus líonrú a eagrú (i bhfoirm seimineár, comhdhálacha, cruinnithe agus foilseachán). Is iad seo a leanas na méideanna a caitheadh faoi na príomh-theidil:

	2008 €	2007 €
Clár Sláinte	**459,668**	467,167
Freagraí Áitiúla agus Réigiúnacha do Bhochtanas	**189,737**	93,517
Tacaíocht a thabhairt d'Obair Frith-Bhochtanais	**173,554**	304,436
	822,959	865,120

2. Tionscadail Agus Cláir Do Chomhrac Na Bochtaine (ar lean)

b Clár an AE do Shíocháin agus Athmhuintearas

Tá freagracht ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, in éineacht lena páirtnéir Pobal (Border Action) le haghaidh 10 mbeart de chuid chlár Peace agus Peace II Extension an AE, a dhíríonn ar an sé chontae ar an taobh theas den teorainn.

Tá freagracht ag an bPáirtnéireacht freisin as dhá bheart trasteorann eile in éineacht lena páirtnéirí sa Tuaisceart, Fondúireacht Pobail Tuaisceart Éireann agus Co-operation Ireland. San iomlán, tá freagracht ar Border Action as €139,737,479 atá dírithe ar an athmhuintearas agus ar iniamh sóisialta.

Tá freagracht ar Border Action i gcomhpháirt le Co-operation Ireland Beart 3.1 de chlár Interreg IIIA an AE a chur i gcrích. Tá €10,336,667 san áireamh leis an mbeart sin le haghaidh tionscadail ina ndírítear ar iniamh sóisialta agus a bhfuil bunús trasteorann leo.

Tá achoimre ar chaiteachas na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine faoin gClár Peace II do 2008 thíos:

Caiteachas	2008 €
Costais Tacaíochta *	3,423
Riaracháin**	889,100
	892,523

**Cuimsíonn caiteachas do chostais tacaíochta Chlár an AE do Shíocháin agus Athmhuintearas cur chun cinn clár, tacaíocht agus forbairt tionscadal, breithmheasanna seachtracha, taighde agus forbairt straitéiseach.

**Tá an caiteachas riaracháin do chlár an AE do Shíocháin agus Athmhuintearas, a chlúdaíonn tuarastail na mball foirne riaracháin, taisteal, cothú, oiliúint, clódóireacht, postas, cíos, cothabháil, táillí dlíthiúla srl., san áireamh sna figiúirí atá leagtha amach i Nótaí 3, 4 agus 5 thíos.

I 2005, 2006 agus 2007, rinne Comhlacht Chláir Speisialta an AE íocaíochtaí leis na tionscadail Peace II agus Interreg IIA trína aonad lárnach íocaíochtaí ar mholadh ó Border Action agus mar sin níl sé le feiceáil sna Ráitis Airgeadais.

De réir dheireadh sceidealta an Chláir Peace II, cuirfear deireadh foirmeálta leis an mbaint airgeadais atá ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine le Border Action ón 31 Nollaig 2008.

c Clár Eisiaimh Sóisialta an AE

I 2006 fuair an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine maoiniú faoi Chlár Eisiaimh Sóisialta an AE chun tabhairt faoi tionscadal malartáin tras-náisiunta, Evaluation of Mainstreaming Social Inclusion. Tháinig deireadh leis an obair ar an tionscnamh seo go luath i 2007. Is é €28,971 an méid a íocadh de réir an chláir mar aon leis na costais riaracháin ar fad a bhain leis an gclár i 2007.

3. Costais Tuarastal Agus Speansais

	2008 €	2007 €
Costais ThuarastailFoirne*	**1,887,952**	1,869,549
Costais Shealadacha Ghníomhaireacht Fostaíochta	**69,391**	41,721
Táillí na mBall	**86,525**	97,472
Oiliúint Foirne agus Speansais Eile	**64,111**	64,763
Taisteal agus Cothú		
- Foireann	**63,917**	73,791
- Baill agus Fochoistí	**40,316**	29,571
Earcaíocht Foirne	**8,472**	59,766
Tionscnaimh an Bhoird agus na Foirne	**3,120**	9,091
Seimineár na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine	**5,855**	30,341
	2,229,659	2,276,065

* €1,390,369 (2007: €1,319,537) an costas a bhí ar na baill foirne a bhí fostaithe ag Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine i 2008 .

Is é 27 (2007: 26) meánlion na foirne lárnaí (cóibhéis lánaimseartha) a bhí fostaithe ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine i 2008. Áirítear dliteanas na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine leis na figiúirí atá tugtha anseo i ndáil le luach saothair na 28 ball foirne atá fostaithe ar an gClár Tacaíochta Speisialta do Shíocháin agus Athmhuintearas.

4. Cíos Agus Costais Riaracháin Eile

	2008 €	2007 €
Cíos agus Rátaí	**292,437**	295,610
Postas agus Teileafóin	**62,545**	84,185
Árachas	**20,918**	28,384
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cothabháil Trealamh Oifige	**49,863**	38,582
Cothabháil Ghinearálta	**62,855**	82,087
Costais Chomhairleachta	**32,142**	78,779
Bainistíocht Taifead agus Cartlainne	**45,738**	4,855
Clódóireacht, Stáiseanóireacht agus Soláthairtí Oifige	**27,910**	31,862
Solas agus Teas	**21,283**	21,551
Cúnamh Teicniúil do na Páirtithe Cuibhreannais*	**234,336**	162,772
Tacaíocht do na hOifigí For-Rochtana	**9,164**	11,140
Táillí Iniúchta Inmheánacha	**21,165**	14,312
Táillí Iniúchta Seachtracha	**17,750**	17,750
Éagsúil**	**15,250**	10,159
Táillí Dlí/Proifisiúnta	**28,411**	7,471
	941,767	889,499

* Is ionann na Páirtithe Cuibhreannais agus Fondúireacht Phobail doThuaisceart Éireann agus Co-operation Ireland.

** Áirítear cáilliúint ó dhiúscairt sócmhainní de €127

5. Sócmhainní Seasta

	Troscán	Trealamh Oifige	Trealamh Ríomhaireachta	Iomlán
	€	€	€	€
Costas nó Luacháil				
Iarmhéid ar 1 Eanáir				
- ag Costas	185,515	203,482	135,221	524,218
Breisithe ag costas	-	3,381	1,345	4,726
Diúscairtí ag costas	(8,123)	(25,770)	(10,938)	(44,831)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**177,392**	**181,093**	**125,628**	**484,113**
Dí-mheas Carntha				
Iarmhéid an 1 Eanáir	167,256	153,488	120,930	441,674
Gearrtha sa bhliain	3,592	18,499	9,290	31,381
Diúscairtí	(6,892)	(25,115)	(10,898)	(42,905)
Iarmhéid an 31 Nollaig	**163,956**	**146,872**	**119,322**	**430,150**
Glanluach Leabhar - 31/12/08	**13,436**	**34,221**	**6,306**	**53,963**
Glanluach Leabhar - 31/12/07	18,259	49,994	14,291	82,544

6. Cuntas Caipitil

	2008	2007
	€	€
Iarmhéid ar 1 Eanáir	**82,544**	73,411
Ioncam le haghaidh ceannach sócmhainní seasta	**4,726**	67,703
Amúchta sa bhliain ag teacht le dímheas sócmhainní	**(31,381)**	(48,974)
Eisithe ar dhiúscairt sócmhainní seasta	**(1,926)**	(9,596)
Aistriú (go dtí)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	**(28,581)**	9,133
Iarmhéid ar 31 Nollaig	**53,963**	82,544

7. Réiteach Sreafa Airgid

	2008 €	2007 €
a Réiteach idir an barrachas/(easnamh) don bhliain d'Airgead Tirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas/(easnamh) don bhliain	**127,672**	(133,418)
Coigeartú do mhíreanna nach míreanna oibriúcháin iad		
Ús Infhála	**(15,521)**	(33,333)
Brabús ar Dhiúscairt	**-**	(744)
Caillteanas ar Dhiúscairt	**127**	3
Gluaiseacht sa Chuntas Caipitil	**(28,581)**	9,133
Coigeartú do mhíreanna nach míreanna airgid tirim iad		
Dímheas	**31,381**	48,974
(Ardú) i bhFeichiúnaithe	**(110,215)**	(1,338)
(Titim) i gCreidiúnaithe	**(282,212)**	(690,113)
(Eis-Sreabhadh) Airgid Tirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**(277,349)**	(800,836)
b Anailís ar Iarmhéideanna Airgid Tirim agus Cóibhéis Airgid Tirim Gluaiseachtaí i rith na Bliana		
Iarmhéid ar 1 Eanáir	**893,131**	1,718,000
Glan-Airgead Tirim (eis-sreabhadh)	**(264,755)**	(824,869)
Iarmhéid ar 31 Nollaig	**628,376**	893,131

8. Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanas teagmhasach ann ar 31 Nollaig 2008..

9. Ceangaltais

a Ní raibh aon cheanglas caipitil ann ar 31 Nollaig, 2008.

b Bhí ceangaltais maoinithe de €341,960 ann ar 31 Nollaig, 2008 (2007, €485,893) don nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine i ndáil le hObair Coimisiúnaithe agus maoiniú do Thionscadail Taighde.

c Tá ceangaltais ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine suas go dtí an bhliain 2017 maidir le léas cóiríocht oifige ag Ionad Gnó Bridgewater, Droichead na hInse. Is é an cíos atá ann de bhun an léasa seo ná €228,000 in aghaidh na bliana, rud atá faoi réir athbhreithniú ar bhonn cúig bliana.

10. Aoisliúntas

a Bunaíodh Príomhscéim Aoisliúntais na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine 1997, agus Scéim Ranníocach Pinsean na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine le haghaidh Céilí agus Leanaí 1997, le héifeacht ó 1 Eanáir 1987, de réir Alt 14 d'Acht na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine, 1986. Scéimeanna aoisliúntais shochair sainithe iad seo dá fostaithe agus feidhmíonn siad ar an mbunús "íoc mar a úsáidtear."

Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar an luacháil achtúireachta atá ar dhliteanais na bpinsean maidir le baill foirne na Gníomhaireachta atá ag obair i gcónaí nó atá imithe ar scor amhail an 31 Nollaig 2008. Rinne achtúire cáilithe neamhspleách an luacháil seo chun críche na gcaighdeán cuntasaíochta, *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 17 – Sochair Scoir (FRS 17)*.

b Modh Luachála

	2008 %	2007 %	2006 %
Ráta Lascaine	5.50	5.50	5.50
Ráta ardaithe tuarastal	4.00	4.00	4.00
Ráta ardaithe pinsean	4.00	4.00	4.00
Boilsciú	2.00	2.00	2.00

c Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin sa Bhliain

	2008 **€**	2007 €
Maoiniú in-aisfhála maidir le costais phinsean na bliana reatha	**500,000**	485,000
Lúide		
Sochair a íocadh sa bhliain	**(3,000)**	(9,000)
	497,000	476,000

d Anailís ar chostais iomlána na bpinsean a gearradh ar chaiteachas

	2008 **€**	2007 €
Muirear Seirbhíse	**320,000**	320,000
Ús ar Dhliteanais Scéim Pinsean	**180,000**	165,000
Ranníocaíocht na bhFostaithe	**(36,882)**	(35,286)
	463,118	449,714

Anailís ar an méid a aithníodh i ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán

(Gnóthachan)/caillteanas taithí ó Dhliteanais	**(47,000)**	(226,000)
(Gnóthachan)/caillteanas ó athrú na mbonn tuisceana (airgeadas agus déimeagrafach)	**-**	-
	(47,000)	(226,000)

10. Aoisliúntas (ar lean)

e Sócmhainn Iarchurtha Maoinithe do Phinsin

Aithníonn an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine mar shócmhainn méid atá ag freagairt don dliteanas iarchurtha neamhmhaoinithe pinsean ar bhunús na mbonn tuisceana a bhfuil cur síos orthu thuas agus roinnt imeachtaí roimhe seo. Áirítear i measc na n-imeachtaí sin an bunús reachtúil a bhí le bunú na scéime aoisliúntais agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le maoiniú na bpinsean seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus próiseas bliantúil na meastachán. Níl aon fhianaise ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo ag comhlíonadh na méideanna sin de réir an chleachtais reatha. Ba ionann an tsócmhainn iarchurtha maoinithe do phinsin amhail an 31 Nollaig 2008 agus €3.7 milliún (2007: €3.25 milliún).

f Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsean i rith na bliana airgeadais

	2008 **€**	2007 €
Easnamh ag tús na bliana	**3,250,000**	3,000,000
Costas seirbhíse reatha	**320,000**	320,000
Sochair a íocadh	**(3,000)**	(9,000)
Costas Úis	**180,000**	165,000
Gnóthachan achtúireachta	**(47,000)**	(226,000)
Easnamh ag deireadh na bliana	**3,700,000**	3,250,000

g Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas taithí

	2008 **€**	2007 €	2006 €
Gnóthachan/(caillteanas) taithí ó Dhliteanais Scéime	**(47,000)**	(226,000)	(49,000)
Céatadán luach reatha na nDliteanas Scéime	**1.27%**	6.95%	1.63%
Méid iomlán atá aitheanta i STRGL	**(47,000)**	(226,000)	(49,000)
Céatadán Shócmhainní Dhliteanais na Scéime	**1.27%**	6.95%	1.63%

11. Comhaltaí Boird - Nochtadh Leasa

Tá nósanna imeachta glactha ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine de réir an Chóid Chleachtais ar Rialú na gComhlachtaí Stáit maidir le nochtadh leasa tairbhiúil Comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin.

Ní raibh aon idirbheart ann le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine a raibh leas tairbhiúil ag na comhaltaí ann.

12. Faomhadh Na Ráitis Airgeadais

Thug an Bord faomhadh do na Ráitis Airgeadais an 23 Aibreán, 2009

INIÚCHADH

Tá na Ráitis airgeadais seo do 2008 faoi réir ag iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir forálacha alt 10 (2) den Acht um Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine 1986.

design_www.reddog.ie

gníomhaireacht um chomhrac na bochtaine
Combat Poverty Agency
working for a poverty-free Ireland

An Ghníomhaireacht
do Chomhrac na
Bochtaineachta,
Ionad Bridgewater,
Bóthar Conyngham,
Droichead na hInse,
Báile Átha Cliath 8

Fón: 01 670 6746
Facs: 01 670 6760
E: info@combatpoverty.ie
www.combatpoverty.ie